



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Taighde ar úsáid na Gaeilge ar an raidió – Céim a 3
Author(s)	Walsh, John
Publication Date	2021-03-14
Publication Information	Walsh, John. (2021). Taighde ar úsáid na Gaeilge ar an raidió – Céim a 3. Gaillimh: OÉ Gaillimh & Údarás Craolacháin na hÉireann, DOI: 10.13025/dwmf-j280
Publisher	OÉ Gaillimh & Údarás Craolacháin na hÉireann
Link to publisher's version	https://doi.org/10.13025/dwmf-j280
Item record	http://hdl.handle.net/10379/16586
DOI	http://dx.doi.org/10.13025/dwmf-j280

Downloaded 2021-03-15T11:06:20Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.





Taighde ar Úsáid na Gaeilge ar an Raidió – Céim a 3

John Walsh

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

1. Réamhrá

Tá an tuarascáil taighde seo ina toradh ar an tríú céim d’imscrúdú ar úsáid na Gaeilge ar sheirbhísí raidió ceadúnaithe uile na hÉireann, seachas na stáisiúin a chraolann go hiomlán i nGaeilge. Mhainigh Údarás Craolacháin na hÉireann (“BAI”) an taighde agus tugadh faoi in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2020.

Bhí sé d’aidhm leis an gcéad dá chéim den staidéar iniúchadh a dhéanamh ar an tslí a léirítear forálacha reachtaíochta agus treoir rialála faoin nGaeilge i gcláir raidió. Bhí forálacha sna hAchtanna Craolacháin a achtaíodh ó dheireadh na 1980idí ina n-éilítear go gcaithfear an Ghaeilge a mheas i rith an phróisis ceadúnaithe. Anuas air sin, d’áirigh BAI agus na heagraíochtaí a bhíodh ann roimhe cláir Ghaeilge a chur chun cinn go seasta ina bpleananna straitéiseacha le tríocha bliain anuas.

Tugadh faoi na chéad chéimeanna den staidéar i gcomhar leis an Dr Rosemary Day i gColáiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh agus bunaíodh ar 57 stáisiún san iomlán iad. Bhain Céim a hAon le haschur Gaeilge agus dátheangach le linn 2017, agus rinne Céim a Dó anailís ar chlár ó 2018. Úsáideadh modheolaíocht chainníochtúil a bhí bunaithe ar anailís ar sceidil fhoilsithe, suirbhéanna a d’fhreagair bainisteoirí stáisiúin agus teagmháil ar an nguthán nó ar ríomhphost ina dhiaidh chun faisnéis a shoiléiriú.

Thug Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán cuireadh don Dr Walsh agus don Dr Day faoi dhó in 2018 chun cur i láthair a dhéanamh ar a dtorthaí (Oireachtas

Éireann, 2018a & 2018b; Tuairisc.ie, 2018). Spreag an staidéar suim chomh maith i measc stáisiúin raidió phoiblí, neamhspleácha agus phobail agus tuairiscíodh air sna meáin Ghaeilge agus Bhéarla araon. Foilsíodh na tuarascálacha roimhe seo ar <https://audioresearchcentre.wordpress.com/research/>.

I rith na cumarsáide le bainisteoirí stáisiúin sa chéad dá chéim, tháinig faisnéis chun solais faoi dhearcadh i leith cainteoirí Gaeilge agus constaicí ar chláir Ghaeilge bhreise a fhorbairt. Mhínigh roinnt stáisiún go ndearna siad an-iarracht maidir leis an nGaeilge ach go raibh frustrachas orthu go minic faoin gceist. Áiríodh i measc na bhfadhbanna a sainathníodh easpa tacaíocht lárnach nó comhordú ar chláir Ghaeilge agus éiginnteacht faoin tslí le teacht ar láithreoirí nó rannpháirtithe a labhraíonn Gaeilge. Ina theannta sin, ba chosúil go raibh easpa eolais ag na stáisiúin faoin éagsúlacht a bhaineann leis an lucht éisteachta a thugann ‘cainteoirí Gaeilge’ orthu féin, grúpa a bhfuil raon cumais acu ó theoranta go dtí go hiomlán líofa. Ba léir gur theastaigh tuilleadh taighde cáilíochtúil chun na tuairimí sin a chíoradh níos mó ionas go sainaithneofaí níos fearr na constaicí a d’fhéadfadh cur isteach ar fhorbairt an aschuir Gaeilge, ag féachaint le réitigh a aimsiú ar an soláthar lag i láthair na huaire.

Dá bhrí sin, díritear sa tuarascáil seo ar dhearcthaí na n-ionadaithe agus na mbainisteoirí stáisiún ar na constaicí agus deiseanna a bhaineann le cláir raidió Ghaeilge amach anseo. Leagtar béim ar a dtuairimí agus ar a ndearcthaí siúd ar chraoltóireacht na Gaeilge i dtéarmaí riachtanas, aschur reatha agus deiseanna forbartha amach anseo. Cuirtear cás-staidéir deachleachtais i láthair chomh maith, ag plé cláir Ghaeilge sheanbhunaithe ar leith ar stáisiúin raidió náisiúnta tráchtála, stáisiúin raidió áitiúla tráchtála, agus stáisiúin raidió pobail. Ní scrúdaítear an próiseas ceadúnaithe go mion sa staidéar, agus ní chuimsítear agallaimh le Coiste BAI um Dheonú Conarthaí ná scrúdú ar a chuid oibre. Dá bhrí sin, tá na tagairtí don phróiseas ceadúnaithe bunaithe ar dhearcthaí na ggraoltóirí agus orthu siúd amháin. Tá scrúdú ar obair an Choiste um Dheonú Conarthaí lasmuigh de raon an tionscadail seo, ach b’áisiúil taighde a dhéanamh ar an gceist sin amach anseo.

Tá torthaí an staidéir seo ábhartha do pháirtithe leasmhara éagsúla sna meáin agus in earnáil na Gaeilge. Ar an gcéad dul síos, cuirfear faisnéis luachmhar ar fáil sa tuarascáil do na stáisiúin féin agus spreagfar plé ar an gceist ina measc. Rachaidh sé chun tairbhe a n-eagraíochtaí ionadaíochta Independent Broadcasters of Ireland (IBI) agus Fóram Raidió Pobail na hÉireann (CRAOL) agus cuirfear sonraí bonnlíne breise ar fáil d’eagraíochtaí stáit nó deonacha a

chuireann an Ghaeilge chun cinn, ar nós Fhoras na Gaeilge, Chonradh na Gaeilge, Ghlór na nGael, Oireachtas na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta. Anuas air sin, tá an taighde ábhartha d'obair Údarás Craolacháin na hÉireann, go háirithe a Údarás, a choistí reachtúla agus an Coiste Comhairleach don Ghaeilge a bhunaigh BAI agus Foras na Gaeilge.

Is mian leis an údar buíochas a ghabháil leo seo a leanas as a gcúnamh: ionadaithe na stáisiún go léir a cuireadh faoi agallamh; Stiofán Seoighe agus Maitiú de Hál as tras-scríbhinn; Lisa Ní Choistealbha ó IBI agus Mary Lennon ó CRAOL as a gcúnamh le hagallaimh; Fionnuala Murphy agus Stephanie Comey ó BAI as a gcúnamh le ceisteanna.

2. Creat reachtaíochta

Tá BAI agus na comhlachtaí a tháinig roimhe ag feidhmiú faoi achtanna craolacháin éagsúla ó 1988 i leith. Is é an tAcht Craolacháin, 2009 an reachtaíocht uileghabhálach is mó a bhaineann le hábhar faoi láthair. Cuimsítear forálacha sonracha ann faoin nGaeilge a bhaineann le dualgais an Údaráis féin agus le dualgais na gcráoltóirí. Leagtar na ceanglais is suntasaí agus is sonraí ar na cráoltóirí poiblí (RTÉ agus TG4) ach tá cláir bheartaithe Ghaeilge i measc na gcrítear a ndéantar measúnú orthu in iarratais ar cheadúnas do sheirbhís raidió neamhspleách, idir stáisiúin tráchtála agus stáisiúin phobail.

Cumhdaítear comhdhéanamh BAI féin, a choistí reachtúla agus a chuid cuspóirí in Ailt 9 agus 25 den Acht (Oireachtas Éireann, 2009). In Alt 9 (1), liostaítear nithe a bhaineann le forbairt na Gaeilge agus gnóthaí na Gaeltachta i measc na réimsí saineolais a éilítear ar chomhaltaí an Údaráis agus a choistí. In Alt 25 (2) (h) faoi chuspóirí BAI, deirtear go ndéanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla ‘forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh’. Faoi alt 154 (1) den Acht, foráiltear go gcuirfidh an tÚdarás scéim faoi bhráid an Aire chun tacú le cláir i réimsí éagsúla lena n-áirítear an Ghaeilge. ‘Fís agus Fuaim 4’ a thugtar ar an leagan reatha den scéim sin. Dar le hAlt 155 (1), is é cuspóir na scéime ‘cláir ardchaighdeáin a fhorbairt a bheidh bunaithe ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann’, lena n-áirítear cláir i nGaeilge. Faoi Alt 156 (2) foráiltear go n-íocfar 7% de ghlanfháltais i leith táillí ceadúnais teilifíse tríd an scéim sin agus go ndéanfaidh BAI í a bhainistiú agus a fhorbairt.

Cumhdaítear na cráoltóirí neamhspleácha in Ailt 66, 67 agus 69. Baineann Alt 66 le gné na Gaeilge de cheadúnú na seirbhísí raidió. Deirtear in bhfo-alt 2 (d) go mbeidh aird ag Coiste BAI um Dheonú Conarthaí ar ‘líon, cáilíocht, réimse agus cineál na gclár Gaeilge agus méid

na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann a bheartaítear a sholáthar’ nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh aige faoi cheadúnas. Sonraítear i bhfo-alt 3 go mbeidh ‘aird ar leith aige [an Coiste] ar bhuanú agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha’ nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh aige faoi cheadúnas le haghaidh ceantair ina bhfuil limistéar Gaeltachta.

Tá coiste reachtúil de chuid an Údaráis Craolachán ar a dtugtar an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as aon sárú ar na dualgais chonartha. Baineann Alt 28 le dualgais an Choiste um Chomhlíonadh a chinntiú go gcloíonn craoltóir le téarmaí a cheadúnais. Tá líon na gclár Gaeilge a chomhaontaítear i gconradh an stáisiúin san áireamh sna forálacha sin agus déanann BAI faireachán air. Cé nach dtugtar sainmhíniú beacht ar sholáthar na gclár Gaeilge sa reachtaíocht, is ceanglas reachtúil fós é a bhaineann le gach stáisiún ceadúnaithe.

Déantar plé ar leith san Acht ar na craoltóirí seirbhíse poiblí, RTÉ agus TG4. In Alt 82 (1), liostaítear ‘nithe a bhaineann le forbairt na Gaeilge’ agus ‘gnóthaí na Gaeltachta’ i measc na réimsí saineolais a éilítear ar chomhaltáí ceaptha Bhord RTÉ. In Alt 102 (2) (b) foráiltear go ndíreofar i ráiteas bliantúil RTÉ ‘i dtaobh gealltanais feidhmíochta’ ar chlár Ghaeilge. Leagtar dualgais shuntasacha ar RTÉ san Acht i dtaobh clár Ghaeilge. Ceanglaítear ar an ggraoltóir in Alt 114 (2) (a) a chinntiú go léireoidh a chlár na hairíonna éagsúla a bhaineann le cultúr na hÉireann uile agus go mbeidh ‘aird ar leith aige ar na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe ar an nGaeilge’. Faoi Alt 114 (3), deirtear go ggraolfaidh RTÉ réimse cuimsitheach clár Ghaeilge agus Bhéarla, lena n-airítear clár nuachta agus chúrsaí reatha (Oireachtas Éireann, 2009). In 2018, chinn an Coimisinéir Teanga gur sháraigh RTÉ an t-alt sin den Acht Craolacháin toisc nach raibh dóthain Gaeilge á chraoladh ar an teilifís (An Coimisinéir Teanga, 2019: 16–20).

3. Creat rialála

Baineann an Ráiteas Straitéise is deireanaí ó BAI leis an tréimhse 2021–2024. Faoi théama 1, ‘An Iolarthacht agus an Éagsúlacht a Chur chun Cinn’, luaitear an Ghaeilge i gcuispóir straitéiseach 4: ‘Clár ardchaighdeán sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn’ (BAI, 2021: 8). Maidir le torthaí an chuspóra sin, gealltar go mbeidh ‘ábhar ardchaighdeán as Gaeilge, lena n-airítear nuacht agus cúrsaí reatha agus ábhar don lucht féachana agus éisteachta óg, ar fáil ar mheáin éagsúla’ (BAI, 2021: 9). Mar tháscaire feidhmíochta, luaitear go ‘mbeidh de thoradh ar thionscnaimh ag BAI faoina Phlean Gníomhaíochta na Gaeilge,

thar tréimhse na Straitéise, go mbeidh méaduithe inchainníochtaithe ar na cláir Ghaeilge ar ardchaighdeán atá ar fáil' (BAI, 2021: 9).

Foilsíodh *Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge* BAI in 2019. Luaitear go bhfuil ról Údaráis BAI fíorthábhachtach i leith ábhar Gaeilge a chur chun cinn ar fud an tírdhreacha craoltóireachta. Tugtar tiomantas sa phlean d'fhorbairt na haidhme sin trí chúig phríomhspríoc:

1. Tacú le cláir agus stáisiúin Ghaeilge agus iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thograí Ceadúnaithe agus Cistí Craolacháin;
2. Comhpháirtíochtaí Gaeilge a spreagadh;
3. Tacú le taighde;
4. Sonraí a bhailiú;
5. Próisis fhreagrachta [sic] a fheabhsú, monatóireacht agus tuairisciú um chomhlíonadh san áireamh (BAI, 2019: 3).

Bunaíodh Coiste Comhairleach don Ghaeilge faoin dara sprioc thuasluaite. Is fóram plé é an Coiste a bhfuil d'aidhm aige tionscnaimh a fhorbairt a chuirfidh leis an nGaeilge ar na meáin chraolta. Cuimsítear ina chomhaltaí ionadaithe ar BAI, Foras na Gaeilge, eagraíochtaí Gaeilge, craoltóirí (beirt ionadaithe an ceann ó IBI agus CRAOL) agus léiritheoirí (BAI/Foras na Gaeilge, 2019: 1).

Luaitear sprioc maidir le forbairt ábhair Gaeilge sa *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin* ó 2018 agus deirtear chomh maith go bhfuil sé d'aidhm leis 'forbairt tionscnaimh Ghaeilge a spreagadh ar fud na hearnála craolacháin' (BAI, 2018: 14). Deir BAI go bhfuil sé 'sásta cineálacha eile seirbhísí, seirbhísí nideoige raidió agus seirbhísí raidió trí mheán na Gaeilge ina measc... a iniúchadh' (ibid: 15) agus go gcuirfidh a phleananna ceadúnaithe éagsúlacht agus iolracht chun cinn, lena n-áirítear sa Ghaeilge (ibid: 16).

Tugadh treoir ghinearálta faoi ábhar Gaeilge do stáisiúin le blianta fada anuas i rith próisis iarratais nó athnuachana ar cheadúnais. Iarrtar ar iar-iarratasóirí agus ar iarratasóirí reatha ar cheadúnais tráchtála nó phobail ráiteas a dhéanamh faoi líon agus cineál na gclár atá beartaithe acu a chraoladh (a) i nGaeilge agus (b) go dátheangach (e.g. BAI, 2015: 20). In éagmais faisnéis mhionsonraithe faoi ábhar Gaeilge sa reachtaíocht agus cuótaí dá leithéid, deir BAI nach dtugann sé treoir shonrach faoi líon ná faoi chineál na gclár Gaeilge ar aon stáisiúin mura n-iarrtar an treoir sin air. Iarrtar ar na hiarratasóirí tograí mionsonraithe a thabhairt faoina gcláir bheartaithe Ghaeilge agus molann BAI go ndéanfaí measúnú ar thograí faoi chláir Ghaeilge

bunaithe ar fhormaid na seirbhíse, ar an gceantar saincheadúnais agus ar an sprioclucht éisteachta (Murphy, 2020).

Baineann BAI leas as struchtúr oibre mairtise ina n-oibríonn an fhoireann i réimsí éagsúla laistigh den eagraíocht. Tá ceathrar ball foirne ar fhoireann na Gaeilge. Stiúran agus cuireann siad i bhfeidhm gníomhaíochtaí oibre Gaeilge BAI, lena n-áirítear ceanglais rialachais Gaeilge faoin Scéim Teanga agus tionscnaimh faoi *Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge* BAI. Tugtar liosta ar shuíomh gréasáin BAI de na baill foirne atá líofa i nGaeilge agus atá sásta comhfhreagras a dhéanamh trí Ghaeilge, agus ceisteanna i nGaeilge nó ceisteanna a bhaineann leis an nGaeilge a fhreagairt, agus tá seoladh ríomhphoist ar leith, teanga@bai.ie, ar fáil do chúrsaí Gaeilge (Murphy, 2020).

Faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Ciosamhairc (2018) a ghlac an tAontas Eorpach, tá Éire ag obair i dtreo réim rialála nua anois le haghaidh seirbhísí meán ciosamhairc ar éileamh a sholáthraíonn ábhar in Éirinn. D'eascródh leasuithe ar an Acht Craolacháin, 2009 as achtú an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne, 2020 chomh maith, go háirithe an togra BAI a dhíscaoileadh agus Coimisiún na Meán nua a chur ina áit. Beidh impleachtaí móra aige sin ar gach gné de rialáil na meán amach anseo, ábhar Gaeilge ina measc (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, 2020). Sa chomhthéacs sin, bunaíodh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán i mí Mheán Fómhair 2020 chun todhchaí na meán in Éirinn a iniúchadh agus tá sé le tuairisc a thabhairt ar a chuid oibre i lár 2021 (<https://futureofmediacommission.ie/>).

Mar a pléadh roimhe seo, tá dualgais shonracha reachtúla ar RTÉ ábhar Gaeilge a chraoladh agus, i dteannta na gcráoltóirí neamhspleácha, tá sé á rialáil ag BAI faoi théarmaí Acht 2009. In 2015, d'fhoilsigh RTÉ plan gnímh cúig bliana, *Meáin Ghaeilge RTÉ*, a raibh d'aidhm leis a aschur Gaeilge a mhéadú. Ba é a chéad aidhm shainluaite an Ghaeilge a mhéadú ar fud sceidil sheirbhísí uile RTÉ:

Cuirfear leis an méid Gaeilge a chloistear ar an raidió, beidh níos mó cláracha Gaeilge agus ábhar dátheangach ar RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus RTÉ lyric fm. Cuirfidh RTÉ Raidió na Gaeltachta béim faoi leith ar an lucht éisteachta a fhairsingiú trí uilechuimsitheacht agus ábharthacht a chinntiú de réir mar a thagann athrú ar nósanna éisteachta raidió. (RTÉ, 2015: 4).

Tugadh breac-chuntas sa phlean ar aidhmeanna sonracha i dtaobh fhorbairt na Gaeilge ar na seirbhísí raidió go léir agus thug RTÉ tiomantas chomh maith do sheirbhís raidió nua Ghaeilge, a bheidh dírithe ar dhaoine óga, a fhorbairt (RTÉ, 2015: 10).

4. Taighde eile

Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar an tríú céim de thaighde ar úsáid na Gaeilge ar stáisiúin raidió AM/FM lánaimseartha an stáit a chraolann trí Bhéarla den chuid is mó, i.e. stáisiúin raidió seachas RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Raidió na Life. Rinneadh anailís i gCéimeanna a hAon agus a Dó den taighde ar sceidil na stáisiúin mar a fógraíodh iad ar a suíomhanna gréasáin, de réir na gcatagóirí faisnéise seo a leanas:

- a) cineál stáisiúin;
- b) uaireanta agus nóiméid sa tseachtain a chraoltar i nGaeilge;
- c) teideal an chlár;
- d) úsáid teanga (i nGaeilge nó go dátheangach);
- e) am craolta;
- f) eolas breise, mar shampla an bunchlár é nó clár sindeacáitithe;
- g) aschur iomlán.

Chuathas i dteagmháil leis na stáisiúin ceann ar cheann ansin agus iarradh orthu an anailís tosaigh ar na sceidil a dheimhniú. Tugadh ualú 1.0 do chlár a tuairiscíodh a bheith go hiomlán i nGaeilge. Má thuairiscigh stáisiún go raibh clár ‘dátheangach’, cuireadh san áireamh sna huaireanta agus sna nóiméid d’ábhar Gaeilge é ach tugadh ualú 0.5 dó. Theastaigh an meastachán sin mar cé gur iarradh ar na bainisteoirí cuntas a thabhairt ar chéatadán na Gaeilge/an Bhéarla i gclár dátheangach, níor thug a bhformhór an fhaisnéis sin. Léiríodh i dtuarascáil 2018 (Céim a Dó) nach raibh ach 03:12 uair an chloig i gceist le cláir Ghaeilge nó dhátheangacha, athchraoltaí san áireamh. I gcás na stáisiúin a chraolann 24 uair an chloig in aghaidh an lae (a bhformhór), is ionann sin agus thart ar 2% dá gcláir. Ní raibh na torthaí mórán níos fearr i gcás na stáisiúin sin a raibh réigiúin Ghaeltachta ina gceantair shaincheadúnais d’ainneoin na bhforálacha níos tréine san Acht Craolacháin a bhaineann leis an bpróiseas ceadúnaithe do stáisiúin dá leithéid. Bhí an t-aschur ar sheirbhísí raidió RTÉ, seachas Raidió na Gaeltachta, lag chomh maith agus ba lú é ná soláthar na stáisiúin tráchtála nó pobail go minic. Bhí éagsúlacht mhór sna torthaí; is beag Gaeilge ar chor ar bith a chraol roinnt stáisiúin, agus bhí aschur sách mór ag stáisiúin eile (Walsh, Day & Fogarty, 2018).

In 2019, d’fhoilsigh Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán tuarascáil ar na dúshláin a bhaineann le craoltóireacht na Gaeilge. Mar atá thuasluaite, thug an Comhchoiste cuireadh don Dr Walsh agus don Dr Day a dtaighde a chur i láthair faoi dhó.

Rinneadh moltaí éagsúla sa tuarascáil sin, lena n-áirítear go dtreiseofaí na forálacha Gaeilge san Acht Craolacháin, go bhforbródh BAI beartais ghníomhacha i bpáirt le stáisiúin tráchtála chun tuiscint níos fearr a chothú ar riachtanais an lucht éisteachta Gaeilge agus go gcruthódh craoltóirí a gcuid clár Gaeilge féin agus go ggraolfaí na cláir sin le linn na mbuaicuireanta éisteachta (Oireachtas Éireann, 2019).

Thug an eagraíocht Oireachtas na Gaeilge faoi thaighde ábhartha eile i gcaitheamh thréimhse an taighde seo chun Aerthonnta a fhorbairt, an tairseach do chláir Ghaeilge ar stáisiúin raidió a chraolann i mBéarla (www.aerthonnta.ie). Bhunaigh an scáthchomhlacht Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge Aerthonnta faoin ainm Cogar sna 1990idí, agus chomhordaigh Raidió na Life é ó 2014 go 2019. Tá an suíomh gréasáin á fhorbairt anois ag Oireachtas na Gaeilge mar lárthairseach acmhainní do chraoltóirí raidió Gaeilge agus do bhainisteoirí stáisiúin. Thacaigh BAI le hAerthonnta ó bunaíodh é. Le déanaí, thug Oireachtas na Gaeilge faoi shuirbhé ar lucht bainistíochta stáisiúin raidió, craoltóirí agus na comhlachtaí comhordaithe IBI agus CRAOL chun measúnú a dhéanamh ar fheasacht ar Aerthonnta agus bailíodh faisnéis faoi thaithí na stáisiúin ar chláir Ghaeilge. Tá sé de rún acu eolaire a chruthú de chraoltóirí Gaeilge, tacaíocht a thabhairt leis an téarmaíocht Ghaeilge agus faisnéis a sholáthar faoi chainteoirí Gaeilge i gceantair shaincheadúnais na stáisiúin bunaithe ar an daonáireamh. Beidh naisc ar fáil chomh maith d'ábhair agus d'acmhainní úsáideacha eile (Nic Dhonnchadha, 2020).

In 2019, chuir BAI tús lena thaighde féin ar chraoltóireacht na Gaeilge de bhun tiomantais i b*Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge* BAI a gheallann ‘tuiscint chuimsitheach a fháil ar an soláthar clár Gaeilge san earnáil chraolacháin’ (BAI, 2019: 5). Dúirt an tÚdarás gur theastaigh uaidh tuiscint níos iomláine a fháil ar réimse agus ar chineál na gclár Gaeilge atá ar fáil do lucht éisteachta na hÉireann faoi láthair (BAI, 2020: 1) ná mar a léiríodh sa phróiseas caighdeánach monatóireachta ar chomhlíonadh. Le linn an taighde, chuaigh BAI i dteagmháil le gach craoltóir raidió agus teilifíse (lena n-áirítear seirbhísí lán-Ghaeilge nó seirbhísí Gaeilge den chuid is mó ar nós Raidió na Gaeltachta agus TG4) agus iarradh orthu sonraí a thabhairt faoi chláir Ghaeilge agus dhátheangacha, agus taifid orthu, i rith seachtain ar leith i mí Dheireadh Fómhair 2019. I rith na seachtaine sin, craoladh 43,136 nóiméad (718.93 uair an chloig) de chláir Ghaeilge nó dhátheangacha, 102.7 uair an chloig in aghaidh an lae ar an meán. Ní dúradh, áfach, cén céatadán den iomlán a bhí i gceist le cláracha Gaeilge. Bhí formhór mór an aschuir (87%) ar an raidió agus bhí an 13% eile ar an teilifís (BAI, 2020: 4).

5. Modheolaíocht

Bhain an dá chéim roimhe seo den taighde seo leas as modheolaíocht chainníochtúil a chuimsigh suirbhé ar aschur Gaeilge na stáisiún raidió go léir, de réir pharaiméadair an staidéir. Nuair nach bhfuarthas aon torthaí ar an gcéad teagmháil le stáisiúin sna céimeanna níos luaithe, cuireadh glaoch arís ar na bainisteoirí ag iarraidh orthu na ceisteanna a fhreagairt. Tarraingíodh anuas gan choinne sna glaonna sin fadhbanna a bhaineann le cláir Ghaeilge a sholáthar, ach bhí siad lasmuigh de raon an staidéir ag an am. Dá bhrí sin, cinneadh gur taighde cáilíochtúil a dhéanfaí in aon chéim ina dhiaidh sin den tionscadal, chun tuiscint níos doimhne a fháil ar dhearcthaí na mbainisteoirí raidió i leith cláir Ghaeilge.

Níorbh fhéidir tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil le gach stáisiún raidió in Éirinn de bharr shrianta buiséadacha agus ama Chéim a Trí den taighde. Ina ionad sin, roghnaíodh samplaí de na cineálacha éagsúla stáisiúin raidió chun an raon tuairimí ba leithne ab fhéidir a fháil. Rinneadh é sin bunaithe ar chritéir éagsúla:

- **Tíreolaíocht:** stáisiúin náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla agus chomharsanachta.
- **Earnáil:** stáisiúin phoiblí, tráchtála agus phobail.
- **Teanga:** stáisiúin a bhfuil agus nach bhfuil limistéar Gaeltachta ina gceantar saincheadúnais.

Tugadh faoi agallaimh leathstruchtúrtha le bainisteoirí stáisiúin don obair allamuigh, agallaimh a thosaigh i mí Eanáir 2020 i ndiaidh comhairliúchán tosaigh leis na comhlachtaí ionadaíochta Independent Broadcasters of Ireland (IBI) agus Fóram Raidió Pobail na hÉireann (CRAOL). Tugadh faoi thart ar an tríú cuid de na hagallaimh sular thosaigh ráig COVID-19. Chruthaigh sé sin géarchéim gan choinne d'earnáil an raidió agus stáisiúin ag streachailt le haistriú chuig feidhmiú cianda agus titim thubaisteach ar an ioncam fógraíochta. Ní raibh an dara rogha ann ach an taighde a chur ar fionraí go bhfeabhsódh an cás. I mí Iúil, cuireadh tús arís leis na hagallaimh trí ardáin fhíorúla nó comhfhreagras i scríbhinn, ach bhí sé dúshlánach teacht ar stáisiúin tráchtála áitiúla lasmuigh de na contaetha Gaeltachta a bhí sásta páirt a ghlacadh sa taighde. Ba é leathadh deiridh na stáisiún:

- **Tíreolaíocht:** náisiúnta (RTÉ, Newstalk), réigiúnach (iRadio), áitiúil (anaithnid, Ocean FM, Galway Bay FM, Radio Kerry, Highland Radio), comharsanacht (Flirt FM,¹ Athlone Community Radio, NEAR FM).

¹ Is craoltóir deonach é an t-údar le Flirt FM ach ní bhíonn aon bhaint aige leis na cláir Ghaeilge.

- **Earnáil:** poiblí (RTÉ), tráchtáil (Newstalk, iRadio, anaithnid, Ocean FM, Galway Bay FM, Radio Kerry, Highland Radio), pobal (Flirt FM, Athlone Community Radio, NEAR FM).
- **Teanga:** stáisiún áitiúla tráchtála a bhfuil Gaeltacht ina gceantair shaincheadúnais (Galway Bay FM, Radio Kerry, Highland Radio, Ocean FM, iRadio).

Bhí sé i gceist ar dtús agallamh ar leith a dhéanamh le hionadaithe ar stáisiún uile RTÉ (Radio 1, 2FM, lyric fm) ach d'fhreagair an Grúpcheannasaí Gaeilge, Niamh Ní Churnáin, na ceisteanna ina ionad sin. Ar iarratas RTÉ, cuireadh na ceisteanna faoina bráid agus freagraíodh iad i scríbhinn in ionad tabhairt faoi agallamh.

Chun cloí leis na ceanglais eitice, tugadh breac-chuntas ar an tionscadal agus a aidhmeanna do gach rannpháirtí, agus iarradh go dtoillfidís d'agallamh. Tugadh an rogha dóibh a n-ainm féin agus ainm a stáisiúin a shainaithint, nó dul faoi agallamh go hanaithnid – sa chás sin, ní shainaithneofaí a stáisiún. As an 11 agallamh le bainisteoirí stáisiúin, níor iarr ach duine amháin go gcoinneofaí anaithnid iad.

Tugadh faoi chás-staidéir ar chlár Ghaeilge ar leith chomh maith, agus díríodh ar chlár amháin an ceann ar stáisiún náisiúnta (Newstalk), ar stáisiún áitiúil (Radio Kerry) agus ar stáisiún pobail (NEAR FM). Cuireadh ceathrar faoi agallamh do na cás-staidéir, triúr láithreoirí agus léiritheoir amháin. Ar an iomlán, tugadh faoi chúig agallamh i nGaeilge agus faoi dheich gcinn i mBéarla. Rinneadh na hagallaimh go léir a thras-scríobh agus a chódú chun téamaí suntasacha a shainaithint, agus cuirtear na téamaí sin i láthair sa chéad chuid eile.

6. Torthaí

Is iad na príomhthéamaí atá ag teacht chun cinn ó na sonraí:

- Aschur Gaeilge na stáisiún ar leith faoi láthair.
- An creat reachtaíochta agus rialála agus ceanglais i leith na Gaeilge.
- Tuiscint na gcaoltóirí ar a lucht éisteachta Gaeilge.
- Dúshlán a bhaineann le clár Ghaeilge a sholáthar agus a chothú.
- Comhpháirtíochtaí, comhoibriú agus deiseanna d'fhorbairt sa todhcháí.

Cuirtear na torthaí faoi RTÉ i láthair ar dtús mar gur air atá na dualgais reachtúla is suntasaí maidir leis an nGaeilge agus mar gheall ar a mhéid agus a cheannas sa mhargadh. Fiosraítear

na téamaí ansin i gcás gach catagóire de stáisiúin neamhspleácha: (a) raidió tráchtála nach bhfuil an Ghaeltacht ina cheantar saincheadúnais; (b) raidió tráchtála a bhfuil an Ghaeltacht ina cheantar saincheadúnais; agus (c) raidió pobail.

I gcás iRadio, Galway Bay FM, Radio Kerry agus Newstalk (6.2 agus 6.3 thíos), luaigh BAI nach ndearna na craoltóirí sin iarratas ar cheadúnais nua ón Údarás Craolacháin le blianta beaga anuas. Ina ionad sin, chuir siad isteach ar shíneadh ar a gconradh faoin ‘Nós Imeachta Mear’, agus bhí cead acu dá réir na tiomantais a luadh ina Ráitis Beartais Clár roimhe sin a dhearbhu arís. Faoi Alt 67 den Acht Craolacháin, 2009 féadtar an Nós Imeachta Mear a úsáid más rud é gur ón sealbhóir a fuarthas an t-aon iarratas ar an gconradh craolacháin fuaime.

6.1 RTÉ

6.1.1 Aschur Gaeilge

Dúirt RTÉ go gcuirtear fógraí leanúnachais uile na stáisiún raidió agus teilifíse i láthair go dátheangach. I ndiaidh athbhreithniú in 2019, ghlac an craoltóir le cur chuige níos dírithe bunaithe ar thréimhsí áirithe chun a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge ar an aer ag buaicuaireanta éisteachta/féachana an sceidil.

Cé is moite de RTÉ Raidió na Gaeltachta, is é aschur seachtainiúil inchomhairthe iomlán na gclár Gaeilge ar raidió RTÉ 6 uair an chloig agus 8 nóiméad. Léiríonn sé sin méadú ó 4 uair an chloig agus 15 nóiméad i suirbhé 2018. Miondealaítear an t-aschur mar a leanas:

- RTÉ Radio 1 – 2 uair an chloig agus 8 nóiméad
- RTÉ 2fm – 3 uair an chloig agus 40 nóiméad
- RTÉ lyric fm – 20 nóiméad

Thug RTÉ cúpla sampla breise chomh maith d’úsáid na Gaeilge ó am go chéile ar fud a sceidil i gcláir chainte, cheoil agus ealaíon. Maidir le hathbhreithniú ar an aschur Gaeilge ar sheirbhís a chraoltar i mBéarla go príomha, moladh go ríomhfaí sin ar bhonn bliantúil in áit ar bhonn seachtainiúil.

Tá tiomantas i bplean Gaeilge RTÉ, *Meáin Ghaeilge RTÉ* (2015), do sheirbhís Gaeilge a fhorbairt don aos óg. Mar fhreagra ar cheist faoin easpa dul chun cinn ar an ábhar sin, dúirt RTÉ go ndearnadh measúnú ar thogra chun an banda FM a scoilteadh ach gur measadh nach raibh an rogha sin indéanta. Tá plé ar bun go fóill maidir leis na riachtanais a bhainfeadh le seirbhís ar leith don óige a bhunú. Phléigh fochoiste de Choiste Comhairleach don Ghaeilge BAI an cás in 2020 ach ní dhearnadh aon chinneadh.

6.1.2 An creat reachtaíochta agus rialála

Mar fhreagra ar an gceist go bhfuil aschur na Gaeilge ar stáisiúin RTÉ thuasluaite an-íseal, dúirt RTÉ gur chomhlíon sé ceanglais ailt 114 (a), 114 (g), 112 (2) (a) agus 114 (3) (a) den Acht Craolacháin leis an ‘[t]seirbhís chuimsitheach’ a chuireann sé ar fáil trí RTÉ Raidió na Gaeltachta.

6.1.3 Tuiscint ar an lucht éisteachta

Nuair a iarradh faoi tuiscint RTÉ Radio ar a lucht éisteachta Gaeilge, dúirt an eagraíocht go raibh sé d’aidhm ag gach clár raidió a chraoltar an líon is mó éisteoirí is féidir a mhealladh, beag beann ar an leibhéal Gaeilge i measc an lucht éisteachta. Dúirt sé go raibh a mbrandáil shainiúil féin ag Radio 1 agus 2FM agus gur bhain sé sin leis na cláir Ghaeilge chomh maith. Bhí Radio 1 dírithe ar éisteoirí níos sine a mbeadh caighdeán Gaeilge níos fearr acu go minic, cé nach fíor sin i gcónaí. Bhí 2FM dírithe ar éisteoirí níos óige, le níos mó ceoil agus míreanna cainte níos giorra agus b’fhíor sin faoi na cláir Ghaeilge chomh maith. Dúirt RTÉ go bhfuil an Ghaeilge a úsáidtear ar Nuacht ‘saibhir agus ar ardchaighdeán’ mar a bheifí ag súil leis ó RTÉ agus nach raibh aon difríocht idir na feasacháin a chraoltar ar Radio 1 agus 2FM.

6.1.4 Dúshlán

Dúirt RTÉ go raibh sé an-dúshlánach cláir raidió Ghaeilge a sholáthar. Bhain an dúshlán ba mhó le héileamh an lucht éisteachta ar chláir atá go hiomlán i nGaeilge gan an rogha chun fotheidil a chur ar fáil mar a dhéantar ar an teilifís. Thagair RTÉ chomh maith don easpa foirne ar leibhéal éagsúla a bhfuil Gaeilge líofa acu agus easpa cuideachtaí léiriúcháin raidió neamhspleácha a sholáthródh ábhar Gaeilge ar ardchaighdeán. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, tá RTÉ ag obair i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta chun níos mó ábhar Gaeilge a sholáthar ar RTÉ Radio 1. Dúirt an craoltóir go bhfuil sé de rún aige tabhairt faoi shuirbhé i measc na foirne chun baill foirne a shainnithint a d’fhéadfadh oibriú go héasca sa dá theanga nó a bhféadfaí uasoiliúint i nGaeilge a chur orthu.

6.1.5 Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú

D’fháilteodh RTÉ roimh thacaíocht do dheiseanna oiliúna agus maoinithe do chuideachtaí neamhspleácha ionas go bhféadfaí uasoiliúint a chur orthu agus go bhféadfaidís ábhar Gaeilge a chur ar fáil don raidió. Mhéadódh sé sin éagsúlacht an ábhair a choimisiúnaítear agus a chraoltar. Dúirt RTÉ go bhfáilteodh sé chomh maith roimh chúrsaí saincheaptha a chuirfeadh ar chumas na foirne a gcuid scileanna a fhorbairt chun ábhar raidió Gaeilge a dhéanamh. Bhí RTÉ ag iniúchadh comhpháirtíochtaí le cuideachtaí Gaeltachta agus institiúidí ardoideachais

chun cúrsaí a fhorbairt a mbeadh d’aidhm leo cabhrú le cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha chun ábhar náisiúnta raidió a sholáthar i nGaeilge.

Dúirt RTÉ gurbh é an deis ba mhó a ardán cumhachtach, agus go méadódh aon úsáid den ardán sin infheictheacht na Gaeilge ar an leibhéal náisiúnta. Dúirt an craoltóir go gcuireann sé raon deiseanna oiliúna ar fáil chomh maith, ranganna Gaeilge don fhoireann ina measc. Maidir le pleananna don todhchaí, dúirt RTÉ go ndéanann sé iarracht i gcónaí teacht ar bhealaí chun an dátheangachas a mhéadú ar fud a sheirbhísí ar bhealach inrochtana. Ní raibh níos mó faisnéise ar fáil de bharr athruithe ar an struchtúr bainistíochta sna trí stáisiún raidió de chuid RTÉ a bhaineann leis an staidéar seo.

6.2 Raidió tráchtála nach bhfreastalaíonn ar an nGaeltacht

Is iad na stáisiúin a phléitear sa chuid seo an craoltóir náisiúnta Newstalk agus stáisiún anaithnid. D’ainneoin iarrachtaí, níorbh fhéidir stáisiún eile sa chatagóir seo a chur faoi agallamh.

6.2.1 Aschur Gaeilge

Is stáisiún nuachta agus cainte é Newstalk atá ag craoladh ar cheadúnas gar-náisiúnta ó 2006. Craolann an stáisiún 2 uair an chloig d’aschur Gaeilge in aghaidh na seachtaine faoi láthair, ar an gclár cainte ‘Splanc’. Tá ‘Splanc’ ar an aer ó 2004 agus craoltar é oíche Dé hAoine óna 10 pm go meán oíche faoi láthair. Cuirtear an clár ar fáil roimh ré mar phodchraoladh chomh maith (tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa chás-staidéar i gCuid 7). Méadaíonn an stáisiún a aschur Gaeilge i rith Sheachtain na Gaeilge gach bliain. Bhíodh giotaí Gaeilge á gcráoladh i rith an lae, ach cuireadh deireadh leo siúd de bharr fadhbanna a bhain le hábhar oiriúnach agus daoine a aimsiú chun é a chruthú. Dúirt Newstalk chomh maith nach raibh aon éileamh ar ghiotaí dá leithéid ón lucht éisteachta agus gur chomhaontaigh sé le BAI níos mó acmhainní a infheistiú in ‘Splanc’ ina ionad sin. Níor ghlac an stáisiún leis gurbh ionann sin agus lagú ar an ábhar Gaeilge. Níor athraigh aschur seachtainiúil Newstalk i nGaeilge ó cuireadh tús leis an tionscadal taighde seo in 2017.

Ní féidir sonraí faoi aschur Gaeilge an stáisiúin tráchtála a thabhairt chun a anaithnideacht a chosaint, ach bhí sé ag íochtar an raoin i dtéarmaí faid. Cuireann saor-iriseoirí an t-aschur ar fáil seachas foireann an stáisiúin, agus craoltar é i rith uaireanta seachbhuaice.

6.2.2 An creat reachtaíochta agus rialála

Fiosraíodh tuiscintí na stáisiún ar an gcreat reachtaíochta agus rialála chomh maith chun a dtuiscint ar a ndualgais maidir le cláir Ghaeilge a sholáthar a dhearbhu. Dúirt Newstalk nach raibh an t-ábhar Gaeilge faoi réir plé sonrach ach gur chumhdaigh gnáthphróiseas ginearálta athbhreithnithe BAI é. Dúirt sé nár tháinig aon athrú ar thiomantas an stáisiúin don Ghaeilge i rith théarma a cheadúnais, ach go raibh BAI tuisceanach faoi na dúshláin lena mbaineann.

Dúirt an stáisiún tráchtála anaithnid gur cinneadh a aschur i nGaeilge lena Ráiteas Beartais Clár, seachas ceanglas reachtúil sonrach. Ní thuigfeadh craoltóirí gach ceanglas reachtúil go mion agus bhraith sé ar BAI do threoir ina leith sin. Dúirt an stáisiún gur mhol sé an leibhéal Gaeilge a chreid sé a d'oibreodh dá éisteoirí agus gur ghlac BAI leis an moladh sin.

Cháin an stáisiún anaithnid an ceanglas cláir a chraoladh i nGaeilge. Dúirt sé go raibh sé deacair áit a fháil don Ghaeilge i sceideal stáisiúin tráchtála i gceantar uirbeach agus gur féinmharú tráchtála a bheadh ann dá gcrailfaí an iomarca Gaeilge. Dúirt sé go mbíonn an lucht éisteachta i gceantair uirbeacha luaineach agus nach féidir le stáisiúin brath ar an dílseacht atá le fáil faoin tuath. Ghlac an stáisiún anaithnid leis mura mbeadh an ceanglas ann nach bhfreastalófaí ar an nGaeilge, ach go mb'fhearr níos mó meáin Ghaeilge thiomanta a chruthú mar fhreagra ar an bhfadhb sin. Bhí sé i bhfabhar togra le haghaidh stáisiún náisiúnta Gaeilge don aos óg mar bhealach chun níos mó airde ar an nGaeilge a chruthú ach chreid sé nach mbeadh an tsuim chéanna ag eagraíochtaí Gaeilge dá mbeadh an stáisiún sin le rith mar stáisiún tráchtála. Dúirt an stáisiún anaithnid gurbh é an post a bhí aige gnó a reáchtáil i margadh thar a bheith iomaíoch agus nár thuig na 'stocairí Gaeilge' an 't-ualach mór' lena mbaineann. Cháin sé eagraíochtaí Gaeilge as easpa tuisceana ar an tslí nach n-oireann sé do gach stáisiún ábhar a chraoladh i nGaeilge agus chreid sé go raibh dóthain meán dá gcuid féin ag na 'stocairí Gaeilge' cheana féin.

6.2.3 Tuiscint ar an lucht éisteachta

Dúirt Newstalk gur cainteoirí líofa Gaeilge iad sprioc-éisteoirí 'Splanc' chomh maith le cainteoirí dátheangacha. Anuas air sin, dúirt sé go raibh cainteoirí Gaeilge ar an eolas faoin gclár agus go raibh lucht éisteachta soiléir aige. Mar sin féin, rinne na láithreoirí iarrachtaí an clár a dhéanamh níos inrochtana do na héisteoirí go léir agus ní raibh sé dodhéanta do dhaoine ag a bhfuil Gaeilge níos teoranta é a thuiscint.

Níor labhair an stáisiún tráchtála faoin sprioclucht éisteachta dá chlár theoranta i nGaeilge, ach cháin sé an ceanglas go gcrailfaí ábhar i nGaeilge ar an gcéad dul síos.

6.2.4 Dúshlán

Dúirt Newstalk nach raibh aon deacrachtaí aige riamh le láithreoirí ‘Splanc’ ach go raibh go leor dúshlán roimhe i gcúrsaí léiriúcháin in imeacht na mblianta. Dúirt sé go raibh easpa daoine cáilithe ar fáil ag a bhfuil meascán scileanna, an Ghaeilge ina measc. Bhí an t-ádh leis an stáisiún leis an socrú oibre faoi láthair, toisc go raibh ball foirne ag a bhfuil Gaeilge líofa ag obair mar léiritheoir ‘Splanc’ (féach ar an gcás-staidéar i gCuid 7). Dúirt Newstalk go raibh roinnt baill foirne eile in ann Gaeilge a labhairt ach go raibh siad i róil eile agus nach raibh siad ar fáil tráth an taighde.

I gcás an stáisiúin tráchtála anaithnid, ba é an dúshlán ba mhó an baol a chruthódh níos mó cláir Ghaeilge dá shamhail ghnó agus ioncam fógraíochta.

6.2.5 Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú

Nuair a fiafraíodh de faoi chomhpháirtíochtaí nó tacaíocht sheachtrach a d’fhéadfadh dul chun tairbhe a aschuir Gaeilge, dúirt Newstalk gur ghá clár ar nós ‘Splanc’ a léiriú go himmheánach de bharr stíl agus lucht éisteachta an stáisiúin. Dúirt sé go raibh spás ann do níos mó comhoibre le grúpaí Gaeilge agus go bhféadfadh an chumarsáid idir na grúpaí sin agus earnáil an raidió a bheith níos fearr. Mar shampla, dúirt Newstalk gur trí thimpiste a fuair sé amach i samhradh 2020 faoi shuirbhé a bhí ar bun ag Aerthonnta. Maidir le hábhar a roinnt le stáisiúin eile, dúirt Newstalk go ndéanfadh sé machnamh ar iarratas Nuacht a shindeacáitiú dá n-iarrfaí sin.

Nuair a fiafraíodh de faoi chomhpháirtíochtaí nó tacaíocht, dúirt an stáisiún tráchtála anaithnid nach raibh aon mhaoiniú ar fáil do chláir Ghaeilge. Ach dúirt sé go raibh neamhréiteach idir maoiniú dá leithéid a chur ar fáil agus an easpa lucht éisteachta d’ábhar i nGaeilge. Bhraith an stáisiún anaithnid gur ghá tuiscint níos fearr ar ar theastaigh ón lucht éisteachta a chloisteáil. Fiú dá mbeadh maoiniú seachtrach ar fáil, bheadh sé fós an-bhuartha faoin líon éisteoirí agus níor chreid sé gurbh fhiú infheistíocht mhór a dhéanamh in uaireanta seachbhuaice.

6.3 Raidió tráchtála a fhreastalaíonn ar an nGaeltacht

Is iad na stáisiúin a phléitear sa chuid seo iad siúd a fhreastalaíonn ar na trí phríomhchontae Gaeltachta: Ciarraí (Radio Kerry), Dún na nGall (Highland Radio agus Ocean FM) agus Gaillimh (Galway Bay FM). Mar stáisiún réigiúnach mór i 15 chontae, áirítear le ceantar saincheadúnais iRadio an Gaeltacht i nDún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh agus an Mhí.

6.3.1 Aschur Gaeilge

Tá dhá cheantar Gaeltachta i gCo. Chiarraí, Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach. Tá Gaeltacht Chorca Dhuibhne ar cheann de na ceantair is láidre sa tír ó thaobh labhairt na Gaeilge de.

Tá ceadúnas Chontae Chiarraí ag Radio Kerry ó 1990, ó rinneadh raidió neamhspleách dleathach in Éirinn. Cuimsíonn aschur an stáisiúin faoi láthair 1 uair an chloig go hiomlán i nGaeilge agus 4 uair an chloig de chlár dhátheangacha in aghaidh na seachtaine. Bíonn na clár dhátheangacha i mBéarla den chuid is mó, le 70% i mBéarla agus 30% i nGaeilge ar an meán. Cuireann an stáisiún fáilte roimh úsáid na Gaeilge ó am go chéile ar fud a sceidil, agus roimh phlé ar an nGaeilge i mBéarla, cé nach gnách do na láithreoirí an Ghaeilge a úsáid ar an aer. Ní chraolann Radio Kerry seirbhís nuachta Gaeilge cé go mbíodh ceann aige sna blianta tosaigh.

Tá cúpla ceantar Gaeltachta i gCo. Dhún na nGall, a shíneann ó Ros Goill agus Fánaid san oirthuaisceart go Gleann Cholm Cille san iardheisceart. Tá an ceantar thart ar Ghaoth Dobhair ar cheann de na ceantair is láidre in Éirinn ó thaobh labhairt na Gaeilge de.

Thosaigh Highland Radio ag craoladh in 1990. Cumhdaíonn a cheantar saincheadúnais formhór Chontae Dhún na nGall, seachas an t-iardheisceart. Thuairiscigh Highland Radio go gcraolann an stáisiún 2 uair an chloig agus 15 nóiméad go hiomlán i nGaeilge gach seachtain, nuacht Ghaeilge ina measc, agus go mbíonn 2 uair an chloig de chlár dhátheangacha aige chomh maith, a roinntear go cothrom idir an Ghaeilge agus an Béarla. Úsáidtear an Ghaeilge ó am go chéile ar chlár CLG agus spreagann Highland Radio úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge ar fud a sceidil. Craoltar Aifreann i nGaeilge uair sa mhí agus bíonn 40% de réamhfhógráin agus gligíní an stáisiúin i nGaeilge. Thuairiscigh Highland Radio go raibh méadú ar an aschur mar gur dúblaíodh fad clár Gaeilge amháin de bharr éilimh.

Tá iardheisceart Dhún na nGall, atá sa Ghaeltacht chomh maith, i gceantar saincheadúnais Ocean FM. Tugadh ceadúnas don stáisiún in 2003, agus craolann sé 2 uair an chloig de chlár dhátheangacha gach seachtain, agus thart ar 5 nóiméad gach lá de ghiotaí gearra Gaeilge. D'fhan an méid sin seasta le himeacht aimsire. Eagraítear comhoibriú le scoileanna áitiúla ó am go chéile as ar eascair ábhar breise Gaeilge, agus bhuaigh cuid díobh gradaim ó PPI agus IMRO. Dúirt Ocean FM gur ghá d'ábhar a bheith éasca le héisteacht leis agus mealltach. Ní dhearnadh aon ghearán faoin easpa clár Gaeilge, seachas an méid a dúirt Catherine Connolly TD i rith agallaimh ar an stáisiún. Bhí an Teachta Connolly ag tagairt do chéim níos luaithe den tuarascáil seo.

Tá an Ghaeltacht is mó sa tír i nGaillimh, a shíneann ó imeall Chathair na Gaillimhe, trí Chonamara agus amach go hOileáin Árann. Tá líon mór cainteoirí rialta Gaeilge ina gcónaí sa réigiún. Aithníodh stádas speisialta Chathair na Gaillimhe maidir leis an nGaeilge ó bunaíodh an stát agus in 2016 d'fhógair Comhairle Cathrach na Gaillimhe gur chathair dhátteangach í.

Bronnadh an ceadúnas áitiúil ar Galway Bay FM mar Radio West in 1989. Craolann an stáisiún 1 uair an chloig i nGaeilge gach seachtain agus stoingí dátheangacha i rith an lae. Bhíodh seirbhís nuachta Gaeilge ann sna blianta tosaigh, ach cuireadh deireadh leis an tseirbhís sin. Dúirt Galway Bay FM go raibh sé tiomanta do níos mó Gaeilge a chur ar fáil ar an stáisiún agus nach raibh sa mhéid a bhí á chraoladh faoi láthair ach cur i gcéill. Dúirt sé chomh maith gur cheart go mbeadh cláir scar-rogha ag an stáisiún don Ghaeltacht. D'fháilteodh Galway Bay FM roimh ionchur breise ar nós podchraoltaí i nGaeilge a d'fhéadfadh sé a óstáil ar a shuíomh gréasáin. Bhí figiúirí JNLR don chlár Gaeilge sách ard.

Is stáisiún raidió réigiúnach é iRadio a chraolann san iarthuaisceart, sa lár tíre agus san oirthuaisceart. Bhíodh dhá stáisiún ar leith ann don iarthuaisceart agus oirthuaisceart, ach tháinig an tseirbhís le chéile in 2011 cé go mbíodh roinnt clár ar leith ann fós. Ó 2019 faoina cheadúnas nua, tá sé ag feidhmiú mar sheirbhís aonair i 15 chontae, lena n-áirítear ceantair Ghaeltachta Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus na Mí.

Tá an sciar is airde de chláir Ghaeilge ar iRadio le hais aon stáisiún eile sa tionscadal seo: 36 uair an chloig agus 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine. Cuimsíonn sé sin cláir istoíche idir 0100–0600 ó Luan go hAoine den chuid is mó, le ‘naisc ghearra, ghéarchúiseacha i nGaeilge’, dar leis an stáisiún. Cuireadh tús le déanaí le clár nua go hiomlán i nGaeilge, ‘Aon Scéal’, maidin Shathairn agus Dhomhnaigh idir 0800–1000 agus craoltar na míreanna tráthnóna idir 1800–2100 go dátheangach. Baintear úsáid as an nGaeilge ó am go chéile ar ‘The Lift’ a chraoltar idir 1500–1800. Aithníonn iRadio go bhfuil céatadán níos airde ná an meán de chainteoirí Gaeilge i réigiún an iarthuaiscirt, agus rinne sé cur síos ar a thiomantas don Ghaeilge mar ‘rud cultúrtha’ agus ‘comhartha ómóis don iarthar agus iarthuaisceart’. Rinne sé cur síos ar an nGaeilge mar ‘threibh’ an stáisiúin agus dúirt go líonann iRadio a chuóta Gaeilge go héasca. Mar sin féin, dúirt an stáisiún go raibh air a bheith cúramach mar gheall ar chúinsí tráchtála agus gur eascair an cinneadh na cláir dhátteangacha a chraoladh idir 1800–2100 gach lá as an tionchar ar an líon éisteoirí.

6.3.2 An creat reachtaíochta agus rialála

Maidir leis an bpróiseas ceadúnaithe agus an líon cláir Ghaeilge a chraoltar, dúirt Radio Kerry go raibh an soláthar bunaithe ar a mbíodh ann agus go raibh sé seasta le 30 bliain anuas. Níor labhair BAI leis an stáisiún faoi níos mó ná níos lú a dhéanamh.

Dúirt Ocean FM nach raibh aon treoir ar fáil ó BAI faoin méid ábhar Gaeilge a theastaíonn agus gur cinneadh é bunaithe ar a mbíodh ann. Ní raibh aon chúis faoi leith leis an gcinneadh sin agus ní raibh aon chuóta ann. Níor theastaigh cuóta dá leithéid mar, dar leis an stáisiún, d'fhreastail RTÉ Raidió na Gaeltachta ar chainteoirí líofa agus d'fhéadfadh ceanglas go gcraolfaí níos mó Gaeilge ar Ocean FM dochar a dhéanamh dá líon éisteoirí.

Dúirt Galway Bay FM gur sainíodh an líon Gaeilge sa Ráiteas Beartais Clár, nach raibh aon treoir shonrach ann agus gur faoin stáisiún é a chinneadh. Dúirt sé gur sháraigh Galway Bay FM an cuóta 20% cláir nuachta agus chúrsaí reatha go héasca agus mhol cuóta 25% amháin a chuireadh gach ábhar seirbhíse poiblí, cláir Ghaeilge ina measc.

Dúirt iRadio go raibh na cláir Ghaeilge bunaithe ar a ndearna siad faoi cheadúnais roimhe sin. Bhí dearcadh dearfach ag an stáisiún i leith cláir Ghaeilge agus dúirt sé go raibh sé ag iarraidh an Ghaeilge a normalú ach go raibh air a bheith cúramach mar sin féin gan aon duine a fhágáil ar lár ná rioscaí tráchtála a thógáil.

6.3.3 Tuiscint ar an lucht éisteachta

Nuair a fiafraíodh de cén fáth nár chraol sé níos mó Gaeilge i bhfianaise an dá cheantar Gaeltachta sa chontae, dúirt Radio Kerry gur mhaith leis níos mó a dhéanamh don Ghaeltacht, ach go gcuirtear tograí do chláir nua ina láthair go rialta, ar nós ceann do chlár Polainnise. Bhí ceadúnas seirbhíse iomláine ag an stáisiún agus dá bhrí sin bhí air freastal ar gach duine, agus ní ar aon ghrúpa ar leith. Ní fhéadfadh sé 'freastal níos mó' ar aon chuid den lucht éisteachta mar nach bhféadfadh sé aon chuid de a scoitheadh amach. Dúirt Radio Kerry go bhfuil 'Caint Chiarraí' dírithe ar chainteoirí líofa Gaeilge. Ba bhreá leis ábhar a chur ar fáil do thosaitheoirí, ach bheadh gá le rud éigin eile a bhaint den sceideal chun é sin a dhéanamh.

Dúirt Highland Radio go bhfreastalaíonn a chlár ar chainteoirí líofa sa Ghaeltacht den chuid is mó. Bhraith sé nach raibh an t-achur Gaeilge chomh foirmiúil le haschur RTÉ Raidió na Gaeltachta agus go raibh aschur Highland Radio níos éagsúla. Bhí an-aithne ar láithreoirí Gaeilge Highland Radio sa Ghaeltacht agus glacadh go maith leo. Bhí na cláir dhátheangacha dírithe ar fhoghlaimeoirí nó orthu siúd a labhraíonn níos lú Gaeilge agus bhí ag éirí go maith leo i measc na n-éisteoirí.

Dúirt Ocean FM go raibh a chlár dírithe d'aon turas ar chainteoirí nach bhfuil líofa. Ba do chainteoirí líofa RTÉ Raidió na Gaeltachta agus bhí sé 'ag múineadh méilí don uan'. Bhraith Ocean FM gur ghá naimhdeas faoin nGaeilge a sheachaint. Nuair a fiafraíodh de faoi níos mó clár a chur ar fáil i bhfianaise gur ceantar Gaeltachta é iardheisceart Dhún na nGall, dúirt sé go raibh éileamh ar go leor cineálacha clár nua, agus thagair sé d'iarratas ar chlár Araibise le déanaí.

Dúirt Galway Bay FM go raibh an clár Gaeilge tiomanta dírithe ar chainteoirí líofa nó dúchais, ach go dtuigfeadh foghlaimeoirí agus tosaitheoirí é chomh maith.

Dúirt iRadio go raibh sprioclucht éisteachta an stáisiúin idir 15–44 bliain d'aois, ach go raibh na cláir Ghaeilge dírithe orthu siúd sna 20idí luatha, daoine a d'fhoghlaim Gaeilge ar scoil le déanaí fiú mura raibh siad á húsáid ina saol laethúil. Dúirt iRadio go raibh sé ag iarraidh go mbeadh cuma náisiúnta air agus mar sin nár díriodh go sonrath ar chainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht.

6.3.4 Dúshlán

I gcás Radio Kerry, ba é an dúshlán ba mhó chun na cláir Ghaeilge a chothú ná acmhainní agus am. Ní raibh na hacmhainní ag an stáisiún chun íoc as ábhar breise ar nós podchraoltaí, ábhar a thógfadh go leor ama le léiriú agus bainistiú. Ba dhúshlánach an t-aschur Gaeilge a mhéadú mar gheall ar an sceideal lán chomh maith agus ní raibh sé éasca spás a dhéanamh do gach rud. Chuir Radio Kerry in iúl go raibh díomá air faoin easpa suime i gcláir Ghaeilge a mhaoiniú an scéim Fuaim agus Fís, agus dúirt nach dtagraíonn na hiarratasóirí don Ghaeilge go hiondúil.

I gcás Highland Radio, ba iad ábhar agus cáilíocht na dúshlán ba mhó. Ní raibh aon fhadhb ann riamh teacht ar láithreoirí maithe ach bhí deacrachtaí ann teacht ar dhóthain daoine ábhartha chun páirt a ghlacadh i gcláir agus le dul faoi agallamh.

Dúirt Ocean FM gur theastaigh am agus iarracht chun cláir Ghaeilge a chothú. Dúirt sé go raibh sé deacair teacht ar láithreoirí oiriúnacha. Fadhb eile a bhí ag an stáisiún ná nach ndeachthas i ngleic riamh i gceart lenar theastaigh uaidh a dhéanamh leis an nGaeilge.

Dúirt Galway Bay FM go raibh sé an-deacair le himeacht na mblianta teacht ar láithreoirí agus iad a choinneáil. Bhraith sé chomh maith go raibh easpa daoine ar fáil a bhí sách cumasach le craoladh i nGaeilge.

I gcás iRadio, ba é an dúshlán ba mhó ná a gcláir a dhéanamh inrochtana do chách agus gan éisteoirí a sceitheadh amach. Dúshlán eile ab ea teacht ar chraoltóirí a labhraíonn Gaeilge ach

dúirt iRadio go dtabharfaí tús áite do chainteoirí Gaeilge i gcónaí agus go mbeadh sé níos éasca orthu deiseanna a thapú sa stáisiún.

6.3.5 Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú

Dúirt Radio Kerry go bhfáilteodh sé roimh chomhoibriú níos fearr le heagraíochtaí Gaeilge ar nós Chonradh na Gaeilge, i bhfoirm pacáistí nó gíotaí seachtracha i nGaeilge. Leag sé béim ar an ngá atá le hábhar áitiúil agus ní raibh sé i bhfabhar cláir shindeacáitithe.

D'aontaigh Highland Radio go mbeadh ar aon tacaíocht sheachtrach a bheith oiriúnach don stáisiún. Ní bheadh sé i bhfabhar clár sindeacáitithe ach an oiread, seachas má bhí sé i gcanúint Uladh. Labhair an stáisiún faoi chomhar atá ar bun acu cheana féin le heagraíochtaí Gaeilge ar nós Údarás na Gaeltachta.

Dúirt Ocean FM go bhféadfadh BAI ról níos mó a imirt i dtacú le stáisiúin le hábhar Gaeilge, ach níor shonraigh sé a mbeadh i gceist leis sin.

Labhair Galway Bay FM faoi chomhpháirtíochtaí maithe leis na heagraíochtaí Gaeilge áitiúla Gaillimh le Gaeilge agus Conradh na Gaeilge, chomh maith le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh. D'fháilteodh sé roimh níos mó rannpháirtíochta ó BAI i dtacú le stáisiúin leis an nGaeilge ach dúirt sé chomh maith go gcaithfeadh an earnáil comhoibriú le chéile mar thionscal agus go raibh ról ansin do IBI chomh maith. D'fhéadfaí ról Oifigigh Gaeilge mar a bhíodh in BAI a chuimsiú faoi IBI. Bhí Galway Bay FM go mór i bhfabhar cláir náisiúnta shindeacáitithe i nGaeilge ag amanna maithe agus d'fháilteodh sé roimh sheirbhís shindeacáitithe nuachta Gaeilge ó Newstalk.

Dúirt iRadio nach raibh aon aitheantas ceart do na meáin Ghaeilge ar an taobh amuigh agus nach raibh aon sruthanna maoinithe ar fáil. Ba chonstaic eile nár forbraíodh DAB in Éirinn. Go hidéalach, d'fhéadfaí sé stáisiún uile-Ghaeilge a chur ar DAB ach níorbh ann don bhonneagar teicniúil dá leithéid. Dúirt iRadio go gcuirfeadh sé an-fháilte roimh thionscnamh maoinithe a mbeadh stáisiúin raidió, scoileanna agus coláistí páirteach ann.

6.4 Raidió pobail

Áiríodh trí stáisiún pobail sa staidéar: Flirt FM (Cathair na Gaillimhe), NEAR FM (oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath) agus Athlone Community Radio (Baile Átha Luain).

6.4.1 Aschur Gaeilge

Tá Flirt FM ar cheann de na trí stáisiún raidió pobail campais lánaimseartha in Éirinn. Bunaíodh é in 1995 agus craolann sé 6 lá sa tseachtain ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Cuireann sé síos

air féin mar stáisiún raidió mac léinn agus ailtéarnach na Gaillimhe. Dúirt Flirt FM go gcaolann an stáisiún 5–6 uair an chloig den Ghaeilge faoi láthair, beagán níos mó ná mar a luadh ina Ráiteas Beartais Clár. Craoltar iad sin ag a 1 pm gach lá, príomh-am sceidil. Cuimsíonn siad ábhar bunaidh den chuid is mó, ach uaireanta déantar athchraoladh ar ábhar ó Raidió na Life. I dtéarmaí aiseolais, bíonn éisteoírí na gclár an-éighníomhach go minic, ach éiríonn go han-mhaith leo ar leathanaigh Mixcloud na seónna ar leith uaireanta, go háirithe más ábhar neamhghnách é agus nach bhfuil sé ar fáil aon áit eile.

Fuair Athlone Community Radio a chéad cheadúnas 10 mbliana in 2011. Craolann sé do Bhaile Átha Luain gach lá. Bhíodh clár Gaeilge 1 uair an chloig aige gach seachtain ar feadh na mblianta ach nuair a d’fhág na hoibrithe deonacha, b’éigean don stáisiún ábhar ó Raidió na Life a úsáid. Bíonn clár Gaeilge amháin aige gach mí anois, agus craoltar ábhar Raidió na Life na trí seachtaine eile. Bíonn cláir Ghaeilge eile ann ó am go chéile, ar nós a chláir speisialta don Nollaig in 2019. Bíonn a chlár do Sheachtain na Gaeilge bunaithe ar chomhoibriú leis an meánscoil áitiúil Our Lady’s Bower, agus ainmníodh é le haghaidh gradam meán de chuid Oireachtas na Gaeilge. Bhí cláir dhátheangacha aige chomh maith sa tsraith ‘Lions and Leprechauns’ a maoiníodh faoi Fuaim agus Fís. Deir an stáisiún go bhfuil sé d’aidhm aige léiriúcháin áitiúla a spreagadh seachas ábhar seachtracha a athchúrsáil.

D’fhás NEAR FM (North East Access Radio) as stáisiún raidió bradach sa Chúlóg, bruachbhaile de chuid Bhaile Átha Cliath, a bhíodh ar an aer sna 1980idí. Fuair sé ceadúnas pobail in 1995. Craolann NEAR FM 24 uair an chloig in aghaidh an lae d’oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath. Craolann an stáisiún clár Gaeilge amháin a mhaireann 30 nóiméad gach tráthnóna, ‘Ar Muin na Muice’, agus a athchraoltar an mhaidin dar gcionn. Tá an clár ar an aer le thart ar fiche bliain anuas. Úsáideann an stáisiún cláir ó Raidió na Life chun bearnaí a líonadh uaireanta. Cloistear roinnt Gaeilge ar chláir eile, e.g. cláir cheoil thraidisiúnta. Mhaoinigh Fuaim agus Fís clár faisnéise leathuair an chloig i nGaeilge le déanaí, ‘Fuisseog is Fuaim’.

6.4.2 An creat reachtaíochta agus rialála

Dúirt Flirt FM gur thug BAI le fios go bhféadfaí ábhar Gaeilge a athchraoladh arís agus arís eile, ach nár aontaigh sé leis an gcur chuige sin. Dúirt sé go raibh a Ráiteas Beartais Clár i leith na Gaeilge uaillmhianach agus bunaithe ar an íosmhéid a bhraith an stáisiún a d’fhéadfadh sé a dhéanamh, toisc nach mbeadh in aon rud eile ach cur i gcéill. Dúirt Flirt FM gur tugadh tús áite d’ábhar Gaeilge agus gur míníodh é sin do na hoibrithe deonacha. Is féidir le láithreoirí a bhfuil smaointe acu do chláir Ghaeilge ‘dul go barr na scuaine don mhír ag a 1 pm’.

Dúirt Athlone Community Radio go raibh sé i gceist ag an stáisiún cloí lena thiomantas bunaidh don Ghaeilge i.e. 1 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, ina iarratas nua ar cheadúnas. Ní bheadh sé ciallmhar níos mó ná mar a d'fhéadfadh sé a sholáthar a ghealladh, mar sin ba é a aidhm an leibhéal Gaeilge a choinneáil ach le hábhar bunaidh seachas cláir ó Raidió na Life.

Dúirt NEAR FM go raibh céatadán a ábhair Gaeilge bunaithe ar a thaithí roimhe seo. Bhraith an stáisiún nach raibh sé ró-uaimhianach leathuair an chloig a chraoladh in aghaidh an lae, ach go bhfáilteodh sé roimh níos mó. Bhraith NEAR FM go raibh fadhbanna le Fuaim agus Fís i gcás na gclár Gaeilge toisc dá mbeadh na cainteoirí Gaeilge sa stáisiún le clár faisnéise a léiriú in imeacht bliana, d'fhéadfadh sé deireadh a chur le cláir rialta i nGaeilge. Cheistigh sé an ceanglas chomh maith le haghaidh cláir 'ardchaighdeáin' i dtéarmaí ábhair agus teanga, ag rá go raibh NEAR FM lonnaithe i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath agus ní i nGaeltacht Chonamara. Dá dtabharfaí sainmhíniú níos leithne ar ábhar agus teanga ardchaighdeáin, d'fhéadfaí níos mó Gaeilge a chraoladh ar NEAR FM.

6.4.3 Tuiscint ar an lucht éisteachta

Thuig Flirt FM go maith go raibh dhá lucht éisteachta ann do chlár Ghaeilge: lucht éisteachta amháin ina bhfuil na cainteoirí líofa/dúchais agus lucht éisteachta eile ina bhfuil foghlaimeoirí nó gnáth-éisteoirí ag a bhfuil cumas teoranta Gaeilge. Tharraing sé aird ar 'Clár Acadaimh', a rinne mic léinn OÉ Gaillimh a bhí lonnaithe sa Ghaeltacht, mar shampla de chlár a fhreastalaíonn ar éisteoirí líofa nó orthu siúd ag a bhfuil suim i nuacht na Gaeltachta. Luaigh Flirt FM 'Rogha Bhríde' mar shampla de chlár a thosaigh go hiomlán i nGaeilge agus a bhog i dtreo clár níos dátheangaí mar gheall ar a lucht éisteachta idirnáisiúnta.

I bhfianaise a suímh thíreolaíoch i bhfad ó aon limistéar Gaeltachta, níor leag Athlone Community Radio ná NEAR FM béim ar chatagóirí ar leith laistigh den lucht éisteachta Gaeilge. Dhírigh Athlone Community Radio ar chomhoibriú reatha an stáisiúin le scoileanna áitiúla as a n-eascraíonn ábhar Gaeilge. Leag NEAR FM béim ar an difríocht i staid na Gaeilge i gceantar an stáisiúin agus sa Ghaeltacht agus nach raibh an caighdeán céanna Gaeilge i gceist. Labhair sé faoin gcomhoibriú leanúnach le Gaelscoileanna áitiúla chomh maith.

6.4.4 Dúshlán

Ba dhúshlán coitianta a luaigh gach stáisiún pobail an fhadhb a bhaineann le hoibrithe deonacha a aimsiú agus a choinneáil. I bhfianaise nádúr dhaonra na mac léinn, feiceann Flirt FM athrú mór ar na hoibrithe deonacha ó bhliain go bliain agus fágann daoine tábhachtacha in aon seánra clár, an Ghaeilge ina measc, an stáisiún go minic. Ba é an dúshlán sonrath i gcás na Gaeilge

ná gur foghrúpa de ghrúpa luaineach a bhí ann cheana féin agus go raibh mic léinn a labhraíonn Gaeilge cumasach go hiondúil, agus an-éileamh orthu le haghaidh gníomhaíochtaí eile. Thuig Flirt FM chomh maith nach raibh oibríthe deonacha le Gaeilge chomh coitianta céanna, agus mar sin go mbeadh orthu oibriú leo féin ar chláir uaireanta. Rinne sé iarracht i gcónaí fáilte a chur rompu chuig an stáisiún ionas nach mbraithfidís uaigneach ansin.

Dúirt Athlone Community Radio go raibh oibríthe deonacha de chineál ar bith a choinneáil ar an dúshlán is mó a bhí ag an stáisiún. Dúirt sé chomh maith go raibh sé an-dúshlánach teacht ar oibríthe deonacha le teacht i gcomharbacht orthu siúd a bhí freagrach as an gclár Gaeilge. Nuair a chaill sé na hoibríthe deonacha sin, dúirt an stáisiún nach raibh aon teagmhálaí seachtrach ná pointe teagmhála ann a bhféadfadh sé cúnaimh a iarraidh orthu. D'fháiltigh an stáisiún roimh thionscnamh de chuid Aerthonnta chun suíomh inlín a fhorbairt ar a mbeadh faisnéis faoi oibríthe deonacha nó múinteoirí a labhraíonn Gaeilge. Phléigh Athlone Community Radio chomh maith inní daoine faoin nGaeilge a labhairt, ag rá gur bhraith go leor míchompordach nó gur chreid siad nach raibh a gcuid Gaeilge maith go leor.

Dúirt NEAR FM gur fhág oibríthe deonacha Gaeilge é le dul go Raidió na Life, toisc go raibh sé níos éasca uaireanta ar chainteoir Gaeilge dul go stáisiún ina mbeadh an Ghaeilge ina teanga oibre ar an aer agus i ngach áit eile sa stáisiún. Mar chainteoir Gaeilge é féin, dúirt an comhordaitheoir stáisiúin Ciarán Murray go ndearna sé iarracht i gcónaí fáiltiú roimh chainteoirí Gaeilge eile go NEAR FM mar gur thuig sé gur bhraith siad scoite amach leo féin go minic. Cé go raibh cainteoirí Gaeilge eile i measc na n-oibríthe deonacha, b'fhearr leo craoladh i mBéarla go minic. Dúirt NEAR FM go raibh deacrachtaí acu le hacmhainní agus am, agus luaigh siad mar shampla an obair a bhaineann le podchraoltaí Gaeilge a chur ar fáil.

6.4.5 Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú

I gcás na stáisiún pobail, bhí tábhacht ag baint le comhpháirtíochtaí a bhí ar bun cheana féin ach theastaigh níos mó tacaíochta. Dúirt Flirt FM gur sampla tábhachtach den chomhoibriú é 'Clár Acadaimh' agus go bhfáilteodh sé roimh naisc níos doimhne le cúrsaí iriseoireachta agus Gaeilge ar an gcampas. Chabhraigh CRAOL le bearnaí sa chlársceidealú a líonadh trí chomhroinnt ábhar Gaeilge idir stáisiúin a éascú. Bhí creata agus beartais i leith na Gaeilge an-úsáideach ach theastaigh níos mó acmhainní. Mar gheall ar thábhacht na meán sóisialta, d'fháilteodh Flirt FM roimh thacaíocht chun ábhar gearrfhoirme Gaeilge a chruthú le comhroinnt ar líne. Ba mhór aige duine tacaíochta áitiúil a chabhródh leis an bhfoireann leis sin agus le ceisteanna Gaeilge eile.

D'fháilteodh Athlone Community Radio roimh chomhoibriú níos mó i measc stáisiún chun cláir Ghaeilge a mhalartú. D'ainneoin a chuid deacrachtaí le cláir rialta Ghaeilge, leag sé béim ar an dea-chaidreamh le scoileanna áitiúla a thug roinnt ama don Ghaeilge ar an aer lena sraith 'Classmates'. Dúirt an stáisiún chomh maith nach raibh aon fhadhbanna aige le cláir i dteangacha eile agus tharraing sé aird ar chomh maith agus a bhí ag éirí lena chlár seachtainiúil 'Foreign Language Programme'.

Dúirt NEAR FM go raibh naisc ag an stáisiún le daoine a bhí páirteach sa 'chiorcal comhrá' áitiúil agus gur éirigh go maith leis an gcaidreamh sin in amanna. Leag sé béim ar na deiseanna chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt leis na Gaelscoileanna sa cheantar. Theastaigh níos mó oiliúna ó na hoibrithe deonacha a labhraíonn Gaeilge, ba cheart Oifigeach Gaeilge BAI a athbhunú agus bhí gá le maoiniú do chlár rialta Ghaeilge. Bhí gá le naisc a chruthú idir cainteoirí Gaeilge ar fud na hearnála ionas go bhféadfadh daoine dul i dteagmháil le chéile.

7. Cás-staidéir

Mhol Céim a Dó den staidéar seo cás-staidéir a ullmhú de chlár Ghaeilge mar shamplaí dea-chleachtais. Toisc go bhfuil RTÉ ag brath go mór ar ábhar ó RTÉ Raidió na Gaeltachta dá aschur Gaeilge, cinneadh díriú ar na hearnálacha neamhspleácha tráchtála agus pobail amháin. Anuas air sin, cinneadh díriú ar stáisiún ag a raibh traidisiún fadbhunaithe de chlár Ghaeilge agus a bhféadfaí a bheith ag súil leis gur fhás agus gur fhorbair a lucht éisteachta le himeacht aimsire agus go raibh siad ina gcuid d'fhéiniúlacht na stáisiún. De bharr na srianta ama agus acmhainní, ba léir go mbeadh sé níos éifeachtaí díriú ar chlár Ghaeilge ar stáisiún a phléitear sa phríomhchuid den tuarascáil cheana féin, toisc go dteastódh cead an lucht bainistíochta chun iad a áireamh anseo. Dá bhrí sin, roghnaíodh na cláir 'Splanc' ar Newstalk (stáisiún náisiúnta tráchtála), 'Caint Chiarraí' ar Radio Kerry (stáisiún áitiúil tráchtála) agus 'Ar Muin na Muice' ar NEAR FM (stáisiún pobail). Áirítear clár a fhreastalaíonn ar chontae Gaeltachta sa rogha stáisiún sin.

7.1 'Splanc'

Is clár seachtainiúil Gaeilge é 'Splanc' a chraoltar gach Aoine óna 10 pm go meán oíche ar Newstalk. Bhuaigh an clár gradaim ó IMRO agus Oireachtas na Gaeilge as craoltóireacht na Gaeilge. Don chás-staidéar seo, cuireadh an láithreoir Cuán Ó Flathartha agus an léiritheoir Jess Kelly faoi agallamh.

Dúirt Cuán Ó Flatharta go raibh an clár ina chuid de sceideal Newstalk ó 2008 agus go raibh láithreoirí éagsúla aige ó shin i leith. Bhí seisean páirteach sa chlár ó 2018. Dúirt Ó Flatharta go raibh saoirse eagarthóireachta iomlán ag an bhfoireann i múnú an chláir de bharr a fhoráide irise. Is é an aidhm a bhíonn acu gnáthchúrsaí an tsaol a phlé ach i nGaeilge, agus teastaíonn uathu go n-éistfeadh gach cineál duine leis an gclár, ina measc daoine atá tiomanta don Ghaeilge, foghlaimoirí, muintir na Gaeltachta agus iad siúd a tógadh le Gaeilge:

An rud a bhí uainne ná go gcuirfí clár amach d'ardchaighdeán gach aon tseachtain agus tarlaíonn sé go bhfuil sé trí Ghaolainn. Mar sin, b'fhéidir go mbeifeá ag caint faoi scéalta móra nuachta nó faoi cheol nó faoi bhia nó faoi spórt. An rud is tábhachtaí ná go mbíonn clár d'ardchaighdeán ag imeacht amach gach aon seachtain, go bhfuil sé trí Ghaolainn.

Nuair a fiafraíodh de an bpléann 'Splan' scéalta a bhaineann leis an nGaeilge go sonrath, dúirt Ó Flatharta gur bhraith sé ar chomh tábhachtach agus a bhí siad agus ar chomh hábhartha nó tráthúil agus a bheidís don lucht éisteachta:

Agus an rud is tábhachtaí dúinne, más rud é gur dóigh linn gur tábhachtach an scéal é, gur rud é atá i mbéal an phobail gur cheart dúinn é a chlúdach, nó gur féidir linn *spin* dhifriúil a chur air. B'fhéidir díospóireacht cheart a dhéanamh, scagadh a dhéanamh ar na scéalta. Ní dóigh liom go seachnaímid na scéalta d'aon ghnó ach cuirimid an cheist orainn féin an rud é seo gur cheart go mbeimis á phlé? Déanaimid eagarthóireacht cheart. Bíonn cruinniú léiriúcháin againn. Bímid á phlé san go rialta ach ní dóigh liom go ndéantar d'aon ghnó scéal a sheachaint ach mar a deirim má tá sé i mbéal an phobail agus gur fiú é a phlé. Mar shampla, an tseachtain seo caite ar an gclár, bhíomar ag plé displéice agus Gaelscoileanna mar go raibh sé seo tábhachtach. Sin scéal a cheapamar gurbh fhiú a phlé, atá bainteach le cúrsaí Gaolainne.

Nuair a fiafraíodh de faoin lucht éisteachta sonrath don chlár, leag Ó Flatharta béim ar an tslí a ndírítear ar chainteoirí Gaeilge é ach go bhfuil siad níos scaoilte faoi úsáid shaintreorach na Gaeilge ná RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Maidir leis na daoine atá ag éisteacht, is dócha go bhfuil sé spéisiúil dóibh siúd a bhfuil Gaolainn acu. Ach ba mhaith linn a cheapadh, éinne go bhfuil spéis acu sa Ghaolainn nó ag foghlaim na Gaolainne arís, tá rud éigin ann dóibh. Déanaimid iarracht réimse leathan a chlúdach. B'fhéidir go dtuigfeá focal anso is ansúd. Mar sin, ní hé go bhfuil sé dírithe orthu siúd a bhfuil Gaolainn ón gcliabhán acu. Ní hé go bhfuilimid ródhian orainn féin más rud go ndéanaimid dearúd ar fhocal Gaolainne is má chaithimid focal Béarla isteach anso is ansúd.

Dúirt Ó Flatharta go raibh an-tacaíocht ó lucht bainistíochta Newstalk ó thosaigh Jess Kelly mar léiritheoir in 2019. Bhraith sé go raibh tuiscint níos fearr ag an stáisiún ar an gclár le blianta beaga anuas agus go ndearnadh bolscaireacht air ar fud an sceidil agus ar na meáin shóisialta. Chabhraigh an cinneadh an clár a chur ar fáil mar phodchraoladh chomh maith:

An cheist sin arís faoi cé atá ag éisteacht leis, is dóigh liom go bhfuil réimse níos leithne ag éisteacht leis mar go bhfuil sé ar fáil mar phodchraoladh. An rud is mó a fhaighimid thar n-ais ná gur maith leo na hábhair a bhímid á bplé, go mbíonn siad ag cloisint faoi scannáin nó faoi leabhair nó b'fhéidir rud nach bhfuil cloiste acu le tamall.

Nuair a fiafraíodh de faoi thacaíocht nó comhpháirtíochtaí seachtracha, chreid Ó Flathartha go bhféadfaí naisc níos doimhne a chruthú le scoileanna agus eagraíochtaí Gaeilge:

Mar shampla mic léinn Ardeiste agus iad ag tabhairt faoi scrúduithe béil agus múinteoirí, ba ana-rud é dá ndéarfadís lena mic léinn, éistigí le ‘Splanc’. B'fhéidir na heagraíochtaí Gaolainne, b'fhéidir Conradh na Gaeilge. N'fheadar. Is dócha go bhfuil spriocanna acu siúd chomh maith agus níor mhaith liom labhairt ar a sonsa. An rud a bheadh go maith dúinne ná dá mbeadh a fhios ag níos mó daoine fúinne.

Dúirt an léiritheoir Jess Kelly gur roghnaigh sí ‘Splanc’ a léiriú dá deoin féin i ndiaidh dheacrachtaí Newstalk teacht ar léiritheoir raidió ag a raibh Gaeilge líofa. Cé nach raibh i gceist aici ach an bhearna a líonadh go gearrthéarmach, dúirt sí go raibh ‘a croí san obair’ anois. D'fhreastail Kelly ar Ghaelscoil nuair a bhí sí níos óige ach ní raibh mórán cleachtadh aici ar an nGaeilge a úsáid ina dhiaidh sin. Ó thosaigh sí le ‘Splanc’, d'fheabhsaigh a cumas teanga. De bharr chúlra Kelly i dtaighde ar chláir eile, chonaic sí chomh maith an fhéidearthacht a bhain le ‘Splanc’ a fhorbairt agus tharraing sí fíis den mhéid a d'fhéadfadh sí a dhéanamh leis:

Ba é an príomhchuspóir a bhí agam le ‘Splanc’ ná seó Pat Kenny ach as Gaeilge a dhéanamh de. Ba é sin m'fhís agus sin an líne a deirim le Cuán arís agus arís eile. Ní theastaíonn uaim clár faoin nGaeilge a dhéanamh. Ní theastaíonn uaim clár a dhéanamh nach ndíríonn ach ar cheisteanna a théann i bhfeidhm ar Ghaeilgeoirí amháin, i gcomharthaí athfhriotail. Tá mé ag iarraidh gur irisclár cúrsaí reatha a bheadh ann, ach go bhfuil sé i nGaeilge. Ba é sin an líne bhunaidh agus cinntimid go dtuairiscimid ar scéalta nuachta go cuimsitheach ar bhealach is féidir a dhéanamh nuair nach bhfuil tú ag craoladh ach uair sa tseachtain, ach d'fhorbraíomar míreanna seachtainiúla agus míosúla chomh maith. Mar sin bíonn club leabhar againn, bíonn míreanna rialta teicneolaíochta againn, bíonn mír sheachtainiúil spóirt againn. Tá réimse mór míreanna difriúla tugtha isteach againn le himeacht na mblianta. Ach is é mo sprioc, agus an príomhrud, nach clár nideoige muid.

Dúirt Kelly go ndearnadh cinneadh coinsiasach an bhéim a leathnú chuig ceisteanna eile seachas an Ghaeilge nuair a thosaigh sí:

Ní raibh ann ach nach raibh mé ag iarraidh go gcuirfí i mbosca muid. Ba mhaith liom a bheith soiléir. Ní hé nach bpléimid na scéalta sin níos mó, níl ann ach gur leathnaíomar ár raon. Tuairiscimid orthu go fóill. Ar sheó na seachtaine seo, mar shampla, táimid ag breathnú ar thionchar COVID-19 ar na ceantair Ghaeltachta. Mar sin, pléimid fós iad, ach ní hionann é agus ár bhfócas iomlán. Rinneadh an cinneadh d'aon ghnó ár raon topaicí ar ár seó a leathnú. Mar dhuine a d'fhás aníos i mBaile Átha Cliath agus a d'fhoghlaim Gaeilge tríd an gcóras oideachais, tá cuid den ábhar a chuirtear ar fáil, dar liomsa, faoin nGaeilge, róthraidisiúnta agus róchúng. Ní raibh mé ag iarraidh go mbeadh orm éisteacht le topaicí nach raibh suim cheart agam iontu, díreach ar mhaithe

le héisteacht le hábhar faoin nGaeilge. Theastaigh uaim seó a dhéanamh a mbeinn ar bís éisteacht leis agus ar an dea-uair, sin a rinneamar go dtí seo.

Dúirt Kelly gur fhás ‘Splanc’ a lucht éisteachta trí chlár ‘podchraoladh ar dtús’ a dhéanamh de, is é sin go n-eisítear an podchraoladh ag meán lae gach Aoine agus go gcraoltar an tráthnóna sin é. Dúirt sí gur daoine gairmiúla sna 30idí is mó a bhí i gceist leis na héisteoirí, idir chainteoirí líofa Gaeilge agus iad siúd a dteastaíonn uathu a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Déanann an clár iarracht freastal ar an dá chineál éisteora:

Mar gheall ar nádúr an chláir, bíonn sé go hiomlán i nGaeilge agus tá Gaeilge iontach ag Cuán, mar sin, is ea, freastalaímid orthu siúd ag a bhfuil idir Ghaeilge mhaith agus Ghaeilge den scoth. Ach bímid an-chúramach faoi roghnú na míreanna, sin rud, nuair atáimid ag cinneadh cad a bheidh sa chlár, a mbímid an-choinsiasach faoi. Má táimid ag labhairt faoi rud éigin thar a bheith aduain, nó rud éigin sách acadúil nó trom, úsáidimid na téarmaí Béarla. Tá Cuán an-mhaith ag labhairt i nGaeilge agus ansin é a rá i mBéarla, ionas nach mbeidh aon duine atá ag iarraidh éisteacht linn fágtha ar lár. Cé nach é príomhfhócas an chláir é, is rud é cinnte a mbím féin an-aireach faoi, mar dhuine a d’fhill ar an teanga.

Labhair Kelly go dearfach faoi thacaíocht lucht bainistíochta Newstalk do ‘Splanc’, ag rá gur tugadh buiséad méadaithe dóibh agus go gcuireann an stáisiún an clár chun cinn go minic ar na meáin shóisialta agus i measc láithreoirí eile. Chuir sí frustrachas in iúl faoi mheon go raibh Newstalk doicheallach leis an nGaeilge de bharr dearthaí neamhbhalbha láithreoirí ar nós Ivan Yeats. I dtéarmaí a gcaidreamh seachtrach, luaigh Kelly naisc a bhí acu cheana féin leis an ngrúpa gnó Gaeilge Borradh agus le heagraíochtaí ar nós Chonradh na Gaeilge. Cháin Kelly gradaim na meán Gaeilge chomh maith mar gheall ar a riachtanas go mbainfeadh an clár le ‘dul chun cinn na Gaeilge’ seachas clár maith raidió atá i nGaeilge.

Is é an dearcadh atá agamsa ná gur fostaíodh mé chun clár maith raidió a dhéanamh. Is cuma más i mBéarla, Gaeilge, Francís nó pé teanga é. Ba bhreá liom dá ndéanfaí níos mó normalaithe air agus ceapaim go bhfuil níos mó ná tairbhe amháin ag baint le clár a chraoladh as Gaeilge. Ar ndóigh, bheadh sé iontach dá bhféadfadh níos mó daoine an teanga a labhairt agus a úsáid, ach ní cheapaim gur cheart do ghradaim nó aon aitheantas a fhaigheann siad díriú air sin amháin.

7.2 ‘Caint Chiarraí’

Roimh an bpaindéim, chraol Radio Kerry clár iomlán Gaeilge amháin in aghaidh na seachtaine, ‘Caint Chiarraí’, gach oíche Dhomhnaigh idir a 8–9 pm. I ndiaidh do ráig COVID-19 tosú, de bharr cúinsí airgeadais agus bearta sláinte agus sábháilteachta, chuir Radio Kerry na cláir bheo óna 8 pm ar fionraí agus dá bhrí sin níor craoladh ‘Caint Chiarraí’ ó mhí an Mhárta 2020. Tá súil ag an stáisiún an clár sin agus sainchláir oíche eile a atosú in 2021.

Cuireadh an láithreoir agus an léiritheoir Amy Ní Riada faoi agallamh don chás-staidéar seo. Is cuid sheanbhunaithe de sceideal Radio Kerry é ‘Caint Chiarraí’ agus thosaigh Ní Riada leis in 2018. Chuir sí síos ar an gclár mar irischlár i stíl chomhrá, neamhfhoirmiúil:

Is í príomhaidhm an chláir ná nuacht na seachtaine a scaipeadh i nGaeilge i gcanúint éasca shimplí, nuair a chasann Mam an *radio* ar siúl, nuair a chuireann an leaid óg ar an meánscoil ar siúl é, is féidir leis-sean é a thuiscint. Is cuma liomsa más as an nGaeltacht thú nó as Cill Airne thú. De ghnáth, déanaim iarracht comhrá a thosnú leis an éisteoir... Ní nuacht chrua atá i gceist leis an gclár, *magazine* is dócha agus bíonn ainmneacha aithnidiúla agam.

Ní dhearna Ní Riada idirdhealú soiléir idir na héisteoirí i gceantair Ghaeltachta Chiarraí agus iad siúd a d’fhoghlaim an Ghaeilge, ag rá gur fhreastail an clár an dá chineál éisteora:

Is dócha nuair a bhím ag dul go dtí an Pop-Up Gaeltacht nó rang cainte, go bhfuil sé dírithe ar na foghlaimeoirí. Ach, é sin ráite, tá go leor tacaíocht againn ó dhaoine sa Ghaeltacht agus is iad na daoine ón nGaeltacht a bhíonn ag cur na dtéacsanna is na ríomhphost isteach, an dtuigeann tú? Tá sé oscailte do gach duine, ceapaim.

Bhí teorainn le hidirghníomhaíocht gan choinne le héisteoirí toisc go ndearnadh réamhthairfeadh ar an gclár go minic seachas é a chraoladh beo. Éisteann thart ar 500 duine le gach clár, de réir shuirbhéanna JNLR. Cé go bhfuil sé sin íseal, dúirt Ní Riada gurbh ionann sin agus níos mó ná dúbailt ar líon na n-éisteoirí ó thosaigh sí. Dúradh léi go raibh lucht éisteachta níos láidre ina baile dúchais in Oileán Chiarraí agus i gCill Airne, ach cheap sí gur fadhb a bhí san am craolta. Dúirt an bainisteoir ginearálta Fiona Stack go ndearna an stáisiún bolscaireacht ar ‘Caint Chiarraí’ ar na meáin shóisialta ach bhraith Ní Riada gur theastaigh láithreach níos láidre ar líne uaidh. Bhí sé sin deacair toisc go raibh sí ag tabhairt faoi gach gné den chlár léi féin:

Nílimid láidir ar na meáin shóisialta in aon chor agus, is dócha, tá mise ag déanamh gach rud i m’aonar, ag déanamh na heagarthóireachta is gach rud i m’aonar. Mar sin, is dócha go gcaithfidh mise níos mó a dhéanamh ar an taobh sin, an dtuigeann tú? Caithfidh mise bheith níos gníomhaí ar an taobh sin. Tá mise sásta leis an tacaíocht go dtí seo, ach ó am go ham, bíonn sé deacair an rud go léir a dhéanamh mé féin.

Mhol Ní Riada tacaíocht Radio Kerry i dtéarmaí áiseanna stiúideo agus trealamh taifeadta, a bhí ar fáil aon uair a theastaigh siad a dúirt sí. Dúirt sí go raibh ‘Caint Chiarraí’ ar fáil mar phodchraoladh ar shuíomh gréasáin an stáisiúin. Dúirt Ní Riada go bhfáilteodh sí roimh aon thacaíocht sheachtrach agus tharraing sí anuas ceist na hurraíochta don chlár:

Is dócha go mbeadh fáilte roimh Fhoras na Gaeilge nó pé eagraíocht a mbeadh suim acu teacht isteach agus beagáinín urraíochta nó cabhair a thabhairt dom. Is dócha, tá mise nua go dtí seo. Is é seo an chéad chlár a bhí agam riamh. Mar sin, is dócha, toisc

nach bhfuil Gaeilgeoirí eile i Raidió Chiarraí, tá sé beagáinín deacair teagmháil a dhéanamh leo.

7.3 ‘Ar Muin na Muice’

Craolann NEAR FM clár Gaeilge laethúil a mhaireann 30 nóiméad, ‘Ar Muin na Muice’, ag 5.30 pm agus a athchraoltar ag 9.30 am an lá dár gcionn. Tá an clár ar sceideal an stáisiúin le thart ar 20 bliain anuas. Tráth an taighde, bhí clár ó Raidió na Life á úsáid don mhír trí lá na seachtaine, le láithreoirí NEAR FM ag craoladh Dé Céadaoin agus Dé hAoine. Cuireadh láithreoir na hAoine, Antaine Mac Mathúna, faoi agallamh don chás-staidéar seo.

D’fhill Mac Mathúna ar Ghaeilge a fhoghlaim mar dhuine fásta agus spreagadh é le tosú leis an raidió nuair a bhuail sé le bainisteoir de chuid NEAR FM ag ranganna Gaeilge:

Bhfuil fhios agat, is nuafhoghlaimeoir mise i ndáiríre, chuaigh mé ar ais chun Gaeilge a fhoghlaim agus do bhuail mé le Ciarán [Murray], bainisteoir an stáisiúin seo ag ceann de na ranganna i gConradh na Gaeilge agus bhíomar ag caint agus bhí seisean ag déanamh an chláir ag an am agus dúirt sé ‘ar mhaith leat triail a bhaint as?’ Agus ar dtús, bhí an trealamh saghas dúshlánach ach de réir a chéile, b’in é. Is breá liom ceol agus is maith liom a bheith ag útamáil leis an trealamh agus an Ghaeilge dar ndóigh.

Rinne Mac Mathúna cur síos ar ‘Ar Muin na Muice’ mar irischlár ina mbíonn agallamh laethúil agus ceol. Díríonn sé go háirithe ar imeachtaí ceoil ar fud Baile Átha Cliath, an club amhránaíochta traidisiúnta An Góilín ina measc:

I ndáiríre is irischlár atá i gceist, leathuair an chloig, ceol agus déanaim agallaimh, abraimís ocht nóiméad, deich nóiméad le de ghnáth duine ón ceantar, ó cheann de na ciorcail chomhrá nó aon rud atá ar siúl sa chathair sa tseachtain sin. Bíonn agallamh fóin de ghnáth. Uaireanta tagann daoine isteach. Cuirim béim ar dtús ar aon cheol atá ar siúl sa chathair nó sa cheantar, seisiún ceoil nó aon rud ar fud na cathrach i ndáiríre, An Góilín.

I measc na ndúshlán a shainaithin Mac Mathúna bhí aíonna neirbhíseacha a bhraith nach raibh a gcuid Gaeilge sách maith. Tá roinnt láithreoirí Gaeilge tar éis éirí as le himeacht na mblianta agus bíonn sé deacair teacht ar láithreoirí nua ina n-áit:

Uaireanta bíonn daoine ann agus deireann siad ‘níl mo chuid Gaeilge maith go leor, tá mé neirbhíseach, ní raibh mé riamh ar an raidió’ agus rudaí mar sin ach mura dtagaim ar dhuine déanaim, b’fhéidir, níos mó ceoil. Bhí uair tráth dá raibh do bhíodh triúr nó ceathrar ach anois níl ach duine amháin eile ar an gCéadaoin mar sin tá beirt againn, ach ó am go chéile táimid ag súil le duine nó beirt eile. Ba bhreá liom go mbeadh duine beo gach lá, sin an aidhm ach an bhfuil fhios agat níl sé chomh héasca teacht ar dhaoine.

Dúirt sé go raibh deiseanna ann naisc a dhoimhniú le scoláirí Gaelscoile sa cheantar, agus labhair sé go dearfach faoin taithí a bhí aige roimhe sin le páistí scoile a bhí páirteach i

léiriúchán nó a rinne a gclár féin. Ba bhealach maith a bheadh ansin chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil don chlár:

Bhfuil a fhios agat tá mé chomh fada ag déanamh an rud tá taithí agam a bheith i m'aonar? Déanaim m'obair féin, bheadh sé go breá go mbeadh taighdeoir agam. Do bhí buachaill ag obair liom ar thaithí oibre ó cheann de na Gaelscoileanna sa cheantar. Sin rud eile, ba bhreá liom é a oscailt amach do na Gaeil, bhí sé an-mhaith. Ba bhreá liom é sin a dhéanamh, an idirbhliain ach go háirithe, bhí mé ag smaoineamh air sin. Do rinne mé é blianta ó shin le Scoil Chaitríona agus tháinig dream go dtí an stiúideo, bhí siad ana-mhaith, arís san idirbhliain. Rinne siad a gclár féin agus gach rud bhí siad an-tógtha leis.

Do Mhac Mathúna, thacaigh an obair le NEAR FM go mór leis agus é ag foghlaim na Gaeilge:

Bhfuil a fhios agat, cabhraíonn sé mar le raidió beo, caithfidh an teanga a bheith ar do thoil agat mar caithfidh tú a bheith beo agus 'sa nóiméad' mar a déarfá ar feadh leathuair an chloig. Mar sin is sprioc é i ndáiríre nó dúshlán gach Aoine a bheith réidh.

8. Conclúidí agus moltaí

Cuireann an chuid deiridh seo conclúidí na tuarascála i láthair agus déantar moltaí beartais.

8.1 Conclúidí

- Tá an t-aschur Gaeilge i measc na stáisiún a roghnaíodh fós íseal ar an iomlán agus craoltar é ag uaireanta seachbhuaice den chuid is mó. Tá éagsúlacht mhór fós i líon an aschuir Gaeilge, fiú i measc an tsampla bhig stáisiún a scrúdaíodh. D'ainneoin idirdhealú a bheith sa reachtaíocht, níl aon difríocht shuntasach san aschur idir stáisiúin a fhreastalaíonn ar an nGaeltacht agus iad siúd nach bhfuil aon limistéar Gaeltachta ina gceantar saincheadúnais. Cé nár scrúdaíodh an próiseas ceadúnaithe go mion don staidéar seo, bunaithe ar an aschur reatha is deacair a rá go bhfuil 'aird ar leith [ag Coiste BAI um Dheonú Conarthaí] ar bhuanú agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha' (Alt 66 (3) den Acht Craolacháin, 2009) nuair atá cinneadh á dhéanamh aige faoi cheadúnas le haghaidh ceantair ina bhfuil Gaeltacht. Is ábhar inní é sin ó thaobh beartas teanga de.
- D'ainneoin aschur íseal i bhformhór na gcásanna, d'éirigh le roinnt stáisiún cláir rathúla Ghaeilge a fhorbairt agus a chothú ar feadh tréimhse fhada. Tá roinnt de na cláir sin ar fáil mar phodchraoltaí, a chuireann lena lucht éisteachta féideartha lasmuigh den lucht éisteachta líneach. Tá fianaise chomh maith ar rannpháirtíocht dhearfach agus réamhghníomhach an lucht bainistíochta le cláir Ghaeilge i roinnt stáisiún, go háirithe iad siúd a bhuaigh gradaim craoltóireachta Gaeilge.

- Deir BAI nach dtugann sé treoir shonrach do stáisiúin raidió faoi líon na gclár Gaeilge mura n-iarrtar an treoir sin air, agus go deimhin thuairiscigh stáisiúin é sin. Nuair atá iarratais á ndéanamh ar cheadúnais, d'athdhearbhaigh roinnt craoltóirí a ndeachthas i gcomhairle leo don staidéar seo na tiomantais a rinneadh i Ráitis Beartais Clár roimhe sin mar a cheadaítear faoin Nós Imeachta Mear. Dá bharr sin, tá éagsúlacht mhór sa mhéid Gaeilge a chraoltar ar fud earnáil an raidió, le roinnt stáisiún ag tairiscint íosleibhéal clár agus stáisiúin eile ag craoladh aschur sách ard.
- Féachtar ar na cláir Ghaeilge mar bhaol airgeadais do raidió tráchtála agus tá roinnt craoltóirí drogallach aon mhéadú a dhéanamh ar a n-aschur nó fiú i gcoinne na n-íosleibhéal Gaeilge. Shainaithin RTÉ an dúshlán a bhaineann le lucht éisteachta a choinneáil d'ábhar a bheadh go hiomlán i nGaeilge.
- Teastaíonn níos mó tacaíochta agus comhairle ó na stáisiúin neamhspleácha go léir ach, tríd is tríd, níl siad ar an eolas faoi fhoireann Gaeilge BAI. Teastaíonn tacaíocht faoi leith chun láithreoirí agus foirne léiriúcháin a aimsiú atá in ann oibriú ar chlár Ghaeilge. Tá an dúshlán níos measa fós i gcás an raidió pobail de bharr gur oibrithe deonacha a bhíonn ag plé leis. Ní raibh gach duine ar aon intinn faon áit as a dtiocfadh an tacaíocht sheachtrach ach luadh ról an Oifigigh Gaeilge in BAI a athbhunú agus maoiniú spriocdhírthe le haghaidh craoltóireacht rialta na Gaeilge.
- D'fháilteodh stáisiúin neamhspleácha roimh chomhpháirtíochtaí seachtracha agus comhoibriú níos dlúithe le heagraíochtaí Gaeilge chun cabhrú leo le cláir agus ábhar. Tharraing cúpla stáisiún aird ar naisc a threisiú le scoileanna áitiúla, Gaelscoileanna ina measc. Shainaithin RTÉ agus earnáil an raidió pobail gur cheart tús áite a thabhairt don oiliúint.
- Luadh easpa acmhainní agus ama go minic mar chonstaicí ar ábhar Gaeilge a fhorbairt. Shainaithin roinnt stáisiúin neamhspleácha an gá atá le comhoibriú níos fearr do chlár Ghaeilge. Cé gur féidir le raidió pobail ábhar ó Raidió na Life a úsáid chun bearnaí a líonadh, níl a leithéid de rogha ar fáil don raidió tráchtála. Mar sin féin, caithfear cothromaíocht a bhaint amach idir sindeacáitiú/malartú clár agus ábhar áitiúil a chothú.
- Ba bhocht an tuiscint tríd is tríd ar lucht éisteachta idirdhealaithe Gaeilge, fiú i stáisiúin a fhreastalaíonn ar an nGaeltacht, áit a bhfuil líon i bhfad níos mó cainteoirí líofa ann agus dá bhrí sin lucht éisteachta Gaeilge ar leith ag a bhfuil riachtanais shainiúla.
- Shainaithin go leor stáisiún deiseanna forbartha, go háirithe maidir le podchraoltaí, tionscnaimh oideachais, ábhar breise ar líne agus na meáin shóisialta.

8.2 Moltaí

- Is maith ann forbairt an tionscnaimh Aerthonnta agus tá sé d'fhéidearthacht aige, má thugtar dóthain acmhainní dó, aghaidh a thabhairt ar go leor de na dúshláin a tharraing earnáil an raidió anuas maidir le craoltóireacht na Gaeilge. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar phost lánaimseartha a chruthú in Oireachtas na Gaeilge chun a chinntiú go mairfidh an tionscadal go factéarmach. D'fhéadfadh BAI agus Foras na Gaeilge an post sin a chómhaoiniú. I bhfianaise na hoibre a dhéanann sé cheana féin sa réimse sin, b'oiriúnach chomh maith freagracht fhoirmiúil as na meáin a leagan ar Oireachtas na Gaeilge ina chumas mar cheanneagraíocht a mhaoiníonn Foras na Gaeilge.
- Mar rialálaí, ba cheart do BAI (nó Coimisiún na Meán amach anseo) ról a fhoirne Gaeilge maidir le tacú le stáisiúin raidió a shoiléiriú toisc go bhfuil go leor stáisiún nach bhfuil ar an eolas fúithi. D'fhéadfadh an rialálaí oiliúint agus deiseanna socrúcháin oibre a bheadh dírithe go sonrach ar chraoltóireacht na Gaeilge a fhorbairt, i gcomhar le hinstiúidí tríú leibhéal seans. Ba cheart forbairt cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha Gaeilge a spreagadh chomh maith. Deis eile a bheadh i scéim chun naisc a chothú idir craoltóireacht na Gaeilge agus scoileanna, téama coitianta i measc go leor stáisiún. D'fhéadfadh an rialálaí ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh chun feacht níos fearr a chur chun cinn i measc na stáisiún ar an idirdhealú sa chatagóir leathan 'cainteoirí Gaeilge', a chuimsíonn idir fhoghlaimoirí agus chainteoirí líofa. Tá an baol ann go dtiteann go leor den ábhar Gaeilge atá ar fáil faoi láthair idir an dá stól sin.
- Baineann RTÉ agus an earnáil phobail araon tairbhe as sásraí atá ann faoi láthair chun ábhar a chomhroinnt, ach ní bhaineann sé sin leis an earnáil tráchtála. D'ainneoin inní faoi fhormáid an stáisiúin nó canúintí Gaeilge, ba cheart go bhfiosrófaí na féidearthachtaí a bhaineann le cláir reatha a chomhroinnt nó ábhar nua sindeacáitithe a chruthú. Mar cheanglas craoltóireachta seirbhíse poiblí bunúsach, ba cheart an fhéidearthacht a bhaineann le seirbhís shindeacáitithe nuachta Gaeilge don raidió tráchtála a scrúdú chomh maith. Ba cheart d'eagraíochtaí Gaeilge machnamh a dhéanamh ar a míreanna féin a chur ar fáil a chuirfeadh le cláir reatha. D'fhéadfaidís an deis a thapú lena gcuid gníomhaíochtaí áitiúla a chur chun cinn.
- A luaithe a bhíonn géarchéim COVID-19 thart, ba cheart do chraoltóirí machnamh a dhéanamh ar urraíocht a lorg do chláir nó d'ábhar Gaeilge. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh ar fud na hearnála, ach d'fhéadfadh go mbeadh tábhacht faoi leith leis sna stáisiúin tráchtála ina bhfuil níos mó inní faoin gcorrlach brabúis.

- Tá fianaise ann go mbíonn dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge i measc na stáisiún a bhuaigh gradaim mheáin na Gaeilge. Ba cheart don rialálaí oibriú go réamhghníomhach leis na stáisiúin rathúla sin chun a n-aschur Gaeilge a chothú agus a fhorbairt agus chun stáisiúin eile a spreagadh le déanamh dá réir.
- Tá togra sa Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne, 2020 chun tobhach a thabhairt isteach ar sheirbhísí closamhairc ar éileamh chun léiriú ábhar closamhairc a mhaoiniú in Éirinn, mar fhreagra ar Threoir athbhreithnithe an Aontais Eorpaigh maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc. D'fhéadfaí cuid den tobhach sin a úsáid chun cruthú ábhar meáin Ghaeilge bunaidh a mhaoiniú ar an hardáin go léir, an raidió ina measc. D'fhéadfadh sé sin a chur ar chumas na stáisiún raidió ábhar breise a léiriú agus é a chur ar fáil go digiteach chun a chinntiú go mbeadh an lucht éisteachta is mó is féidir acu, lasmuigh de na héisteoirí líneacha. Tá sé d'fhéidearthacht ag ábhar meáin Ghaeilge ardchaighdeán agus nuálach, i bhformáid fuaimne agus chlosamhairc araon, ról tábhachtach a imirt i bhforbairt na teanga agus ní mór go mbeadh sé ina chuid de straitéis meán digiteach na Gaeilge.
- Toisc go moltar BAI a dhíscaoileadh sa Bhille nua, éileofar leasuithe ar an Acht Craolacháin, 2009. Ó thaobh beartas teanga de, is é an cheist is práinní faoi láthair an soláthar lag agus éagothrom de chlár raidió Ghaeilge ar an gcéad dul síos de bharr dhoiléire Alt 66 (2) (d) den acht reatha. Cruthaítear deis sa Bhille nua na ceanglais reachtúla a threisiú le haghaidh níos mó ábhar closamhairc Gaeilge a bheadh i bhfeidhm ar an raidió chomh maith le hardáin eile sa tírdhreach meán comhtháite. Cruthaítear deis chomh maith Alt 66 (3) a athbhreithniú chun a chinntiú go mbeidh níos mó ábhar Gaeilge amach anseo ar stáisiúin raidió a fhreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta. Ba cheart do gach stáisiún raidió, bíodh stáisiún poiblí, tráchtála nó pobail i gceist, a n-ábhar Gaeilge féin a léiriú le craoladh agus le cur ar ardáin dhigiteacha. Ar a laghad, ba cheart go mbeadh clár bunaidh amháin in aghaidh na seachtaine a bheadh go hiomlán i nGaeilge i gceist leis sin, agus go mbeadh ar stáisiúin a fhreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta an bhonnlíne sin a shárú. Tá an easpa forbartha ar DAB go dtí seo tar éis cur isteach ar chur chun cinn na héagsúlachta, clár Ghaeilge ina measc, ar raidió na hÉireann. D'fhéadfaí dul i ngleic leis sin chomh maith sa dlí nua, agus deiseanna breise a chruthú d'ábhar Gaeilge.

Tagairtí

BAI, 2015. *Indicative Guide: Commercial Radio Service*. Baile Átha Cliath: BAI. Ar fáil ar: <https://www.bai.ie/en/broadcasting/licensing-2/radio/#al-block-1>.

BAI, 2018. *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin*. Baile Átha Cliath: BAI. Ar fáil ar: <https://www.bai.ie/ga/consultations/drechtstraiteis-um-sheirbhisi-craolachain/>.

BAI, 2019. *Údarás Craolacháin na hÉireann: Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: BAI. Ar fáil ar: <https://www.bai.ie/ga/foilsionn-udaras-craolachain-na-heireann-plean-gnionmhaiochta-don-ghaeilge/>.

BAI, 2020. *BAI Irish Language Data Collection Project*. Baile Átha Cliath: BAI. Le foilsiú.

BAI, 2021. *Ráiteas Straitéise 2021-2024*. Baile Átha Cliath: BAI. Ar fáil ar: <https://www.bai.ie/ga/seolann-bai-raiteas-straiteise-tri-bliana/>

BAI/Foras na Gaeilge, 2019. *Coiste Comhairleach don Ghaeilge: Tuairisc 2019/Irish Language Advisory Committee: 2019 Report*. Faighte ó F. Murphy, BAI.

Murphy, F., 2020. Cumarsáid phearsanta le Fionnuala Murphy, BAI, 15 Nollaig.

Nic Dhonnchadha, M., 2020. Cumarsáid phearsanta le Máirín Nic Dhonnchadha, Oireachtas na Gaeilge, 17 Nollaig.

Oifig an Choimisinéara Teanga, 2019. *Tuarascáil Bhliantúil/Annual Report 2018*. An Spidéal: Oifig an Choimisinéara Teanga Ar fáil ar: https://coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail_Bhliantuil_2018.pdf.

Oireachtas Éireann, 2009. An tAcht Craolacháin (Uimh. 18 de 2009). Ar fáil ar: <https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2009/18/gle/enacted/a1809i.pdf>.

Oireachtas Éireann, 2018a. ‘Irish language committee continues hearings on the use of Irish on radio’. Preaseisiúint ó Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán, 28 Bealtaine. Ar fáil ar: <https://www.oireachtas.ie/ga/press-centre/press-releases/20180528-irish-language-committee-continues-hearings-on-the-use-of-irish-on-radio/>.

Oireachtas Éireann, 2018b. ‘Coiste na Gaeilge chun úsáid na Gaeilge ar an raidió a phlé’. Preaseisiúint ó Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán, 30 Aibreán. Ar fáil ar: <https://www.oireachtas.ie/ga/press-centre/press-releases/20180430-coiste-na-gaeilge-chun-usaid-na-gaeilge-ar-an-raidio-a-phle/>.

Oireachtas Éireann, 2019. *Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán (32ú Dáil Éireann/25ú Seanad Éireann): Tuarascáil ar na Dúshláin a bhaineann le Craoltóireacht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Oireachtas Éireann. Ar fáil ar: https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/32/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/reports/2019/2019-06-11_tuarascail-ar-na-dushlain-a-bhaineann-le-craoltoireacht-na-gaeilge_en.pdf.

Raidió Teilifís Éireann, 2015. *Meáin Ghaeilge RTÉ/Plean Gníomhaíochta 2015-2019*. Baile Átha Cliath: RTÉ. Ar fáil ar: <https://static.rasset.ie/documents/about/18286-rte-meaingaeilge-actionplan-irish-v4-screen.pdf>.

Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, 2020. ‘An Bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne’ [ar líne]. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/an-bille-um-rialail-sabhailteachta-agus-mean-ar-line/>.

Tuairisc.ie, 2018. ‘Dúshlán na n-eagraíochtaí Gaeilge tugtha i dTithe an Oireachtais maidir le himeallú na teanga sna meáin’. *Tuairisc.ie*, 7 Nollaig. Ar fáil ar: <https://tuairisc.ie/dushlan-na-n-eagraiochta-i-dtithe-an-oireachtais-maidir-le-himeallu-na-teanga-sna-meain/>.

Walsh, J., Day, R. & Fogarty, P., 2018. *Taighde ar úsáid na Gaeilge ar an raidió (Céim a Dó), Samhain 2018*. Gaillimh agus Luimneach: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh. Ar fáil ar: <https://audioresearchcentre.wordpress.com/research/>.

Agallaimh taighde

Anaithnid.

Cunning, Mark. Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, iRadio.

Cvetkovic, Irena. Bainisteoir, Athlone Community Radio.

Delaney, Niall. Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ocean FM.

Finnegan, Keith. Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Galway Bay FM.

Healy, Paula. Bainisteoir, Flirt FM.

Kelly, Jess. Léiritheoir, Newstalk.

Mac Mathúna, Antaine. Láithreoir, NEAR FM.

McGroarty, Linda. Comhordaitheoir Clársceidealaithe, Highland Radio.

Monahan, Patricia. Eagarthóir Bainistíochta, Newstalk.

Murray, Ciarán. Comhordaitheoir, NEAR FM.

Ní Churnáin, Niamh. Grúpcheannasaí Gaeilge, RTÉ.

Ní Riada, Amy. Láithreoir, Radio Kerry.

Ó Flatharta, Cuán. Láithreoir, Newstalk.

Stack, Fiona. Ceannaire Clár, Radio Kerry.

Aguisín: Prótacal na gCeisteanna

Anseo thíos tá Prótacal na gCeisteanna a úsáideadh do na hagallaimh le hionadaithe na stáisiún. Ní liosta saintreorach é toisc gur úsáideadh cur chuige leathstruchtúrtha i leith na n-agallamh.

1. Cad é aschur Gaeilge/dátheangach do stáisiún faoi láthair? D'fhéadfadh go gcuimseodh sé sin aschur rialta agus ábhar breise ó am go chéile, ar nós Sheachtain na Gaeilge.
2. Cad é do thuiscint ar an gcreat reachtaíochta agus rialála maidir leis an nGaeilge? Conas a chinntear bhur n-aschur Gaeilge?
3. Conas a thuigeann tú bhur lucht éisteachta do chlár Ghaeilge? An bhfreastalaíonn bhur n-aschur ar (a) cainteoirí líofa/dúchais agus (b) foghlaimoirí?
4. Cad iad na dúshláin a bhaineann le clár Ghaeilge a sholáthar agus a chothú ar do stáisiún?
5. An mbainfeadh sibh tairbhe as comhpháirtíochtaí breise nó tacaíocht bhreise ó eagraíochtaí seachtracha, e.g. BAI nó comhlachtaí Gaeilge?
6. Cad iad na deiseanna d'fhorbairt na Gaeilge ar do stáisiún amach anseo?